



# Treoir don Chigireacht Oideachas Luathbhlianta (COL)

An Chigireacht

An Roinn Oideachais agus Scileanna





**An Roinn Oideachais  
agus Scileanna**  
Department of  
Education and Skills

Is mian leis an gCigireacht buíochas a ghabháil le Aideen and Katie Fitzpatrick, foireann agus leanaí, tuismitheoirí agus teaghlaigh Little Stars Pre-school, Maigh Bhile, Contae Dhún na nGall don chead na grianghraif atá sa bhfoilseachán seo a úsáid.

© 2018 Department of Education and Skills

Arna fhoilsiú ag  
An Chigireacht  
An Roinn Oideachais agus Scileanna  
Sráid Mhaoilbhríde  
Áth Cliath 1  
D01 RC96

Is féidir an treoir seo agus cinn eile sa tsraith a rochtain ag [www.education.ie](http://www.education.ie)

# CLÁR

<b>1. Réamhrá</b>	<b>5</b>
1.1 Cigireachtaí agus an treoír seo	5
<b>2. Cad chuige na COL?</b>	<b>6</b>
2.1 Cigireacht sheachtrach ar sheirbhísí luathbhlianta	7
2.2 Ár samhlacha cigireachta	8
2.3 Príomhphrionsabail a bhíonn mar bhonn eolais dár gcigireachta	8
<b>3. Conas mar a tharlaíonn na cigireachtaí?</b>	<b>10</b>
3.1 Roimh don chuairt cigireachta tarlú	10
3.2 Nuair a bhíonn an chuairt cigireachta ag tarlú	10
3.3 Nuair a bhíonn an chuairt cigireachta thart	13
<b>4. Gníomhú de réir na tuairisce cigireachta</b>	<b>15</b>
<b>5. An Creat Cáilíochta don Oideachas Luathbhlianta</b>	<b>15</b>
<b>6. An Contanam Cáilíochta</b>	<b>17</b>
<b>7. Athbhreithniú ar Chigireachtaí</b>	<b>17</b>
<b>8. Foilsiú agus leasú na treorach seo</b>	<b>17</b>
<b>9. Aguisíní</b>	<b>18</b>
Aguisín 1: Creat Cáilíochta don Oideachas Luathbhlianta agus Comharthaí don Chleachtas	18
Aguisín 2: Samhail na Cigireachta Leantaí	28
Aguisín 3: Treoír céim ar chéim don fhoilsiú ar thuairiscí cigireachta	30



# 1. Réamhrá

## 1.1 Cigireachtaí agus an treoir seo

Oibríonn Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna (ROS) d'fhonn cáilíocht na foghlama a fheabhsú ar mhaithe le leanaí agus le daoine óga i scoileanna, lárionaid oideachais agus suíomhanna luathbhlianta na hÉireann a bhfuil maoiniú stáit acu do chúram agus oideachas luathóige leanaí idir 2 bhliain 8 mí d'aois go dtí go gcláraíonn said sa bhunscoil agus i suíomhanna foghlama eile. Baineann obair na Cigireachta go príomha le cáilíocht na foghlama a fheabhsú do leanaí agus do dhaoine óga i suíomhanna luathbhlianta, scoileanna agus lárionaid oideachais. Tá sé i gceist go ndéanfaidh ár gcigireachtaí meastóireacht ar phríomhghnéithe den soláthar oideachais sa suíomh oideachais ar a ndéantar cigireacht agus go gcothaítear feabhsú sa suíomh sin. Tá an Chigireacht freagrach freisin as comhairle a sholáthar don chóras oideachais, don Aire agus do lucht déanta polasaithe. Déantar cigireachtaí oideachas-dhírithé ar na luathbhlianta (COL) i gcomhréir le halt 13(3)(b) den Acht Oideachais 1998 agus de réir Mheabhrán Tuisceana idir an tAire Leanáí agus Gnóthaí Óige, an tAire Oideachais agus Scileanna agus Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna. Caithfidh suíomhanna luathbhlianta, a bhfuil maoiniú acu ón Roinn Leanáí agus Gnóthaí Óige, Clár um Chúram Oideachas na Luath-Óige (COLÓ) a sholáthar saor in aisce go huilíoch mar chuid de na téarmaí a bhaineann leis an deontas chun cigireacht ó Chigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna a éascú. (RLGÓ 2018 alt 8.1) <sup>1</sup>

Leagtar amach sa treoir seo an tslí ina dtugaimid faoi chigireachtaí sna luathbhlianta agus beidh feidhm léi ó 01 Meán Fómhair 2018. Tagann sí in ionad *Treoir do na Cigireachtaí Oideachas-dhírithé ar na Luathbhlianta (COL) i Suíomhanna Luathbhlianta atá páirteach sa Chlár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige* (2016). Rinneadh í a fhorbairt bunaithe ar ár n-eispéaras ar chigireachtaí, ó Aibreán 2016 i leith, i suíomhanna luathbhlianta agus i gcomhairle le páirtithe leasmhara agus le páirtneirí a bhíonn i mbun suíomhanna luathbhlianta ardcháilíochta a fhorbairt agus a sholáthar in Éirinn. Feidhmíonn an tsamhail chigireachta COL de réir Chóid Chleachtais na Cigireachta, An Roinn Oideachais agus Scileanna (2015) <sup>2</sup>, atá ar fáil ag [www.education.ie](http://www.education.ie).

<sup>1</sup> An Roinn Leanáí agus Gnóthaí Óige (RLGÓ)(2018) Coinníollacha Ginearálta agus Comhaontú ar Mhaoiniú Deontais don Chlár um Chúram agus Oideachas Luathóige 2018/2019

<sup>2</sup> An Chigireacht, An Roinn Oideachais agus Scileanna (2015) *Cód Cleachtais don Chigireacht*. Baile Átha Cliath: ROS

## 2. Cad chuige na COL?

Díríonn na cigireachtaí ar oideachas sna luathbhlianta ar mheastóireacht a dhéanamh ar nádúr, ar raon agus ar oiriúnacht na n-eispéireas luathoideachais do leanaí i suíomhanna luathbhlianta státmhaoinithe.

Tá múnla na cigireachta COL bunaithe ar chreat cáilíochta atá á threorú ag na prionsabail in *Aistear: Creachuraclam na Luath-Óige*, agus *Síolta: an Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige*<sup>4</sup> mar aon le taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhaineann le hoideachas agus cigireacht sna luathbhlianta.

I measc na bprionsabal atá mar bhonn leis an gcreat cáilíochta tá na nithe seo a leanas:

- Tréimhse shuntasach dá cuid féin is ea an luath-óige ar chóir í a chothú, meas a léiriú uirthi, luach a chur uirthi agus tacú léi aisti féin
- Cuireann taithí oideachais ardcháilíochta sa luath-óige go suntasach le rath foghlama ar feadh an tsaol
- Ba chóir tacú le folláine agus le forbairt oideachas iomlánaíoch leanaí sna luathbhlianta de réir a gcuid riachtanas
- Tá ról lárnach ag an gcleachtóir laistigh de shuímh na luathbhlianta<sup>5</sup>
- Ba chóir go mbeadh leanaí mar ghníomhairí ina gcuid foghlama agus forbartha, agus go gcuirfí ar a gcumas a bpoitéinseal a bhaint amach mar fhoghlaiméirí cumasacha, muiníneacha, trí idirghníomhaíochtaí ardcháilíochta lena dtimpeallacht agus lena gcleachtóirí luathbhlianta
- Tá láidreachtaí, riachtanais, tuairimí, suimeanna agus folláine leanaí mar chuid lárnach den luathoideachas a chuirtear ar fáil dóibh
- Tá súgradh lárnach d'fhoghlaim agus d'fhorbairt leanaí óga
- Tá cnuasach eispéireas dá c(h)uid féin agus scéal uathúil beatha ag gach leanbh. Aithnítear aitheantas an linbh mar dhuine aonair agus mar bhall de theaghlach agus de phobal níos leithne
- Aithnítear ról na dtuismitheoirí mar bhunoideachasóirí aitheanta na leanaí agus tacaítear leis sin.

Cuireann cigireachtaí ar an oideachas sna luathbhlianta gnéithe chomhthéacsúla a bhaineann leis an suíomh luathbhlianta san áireamh, lena n-áirítear cúinsí socheacnamaíocha.

Tá sé mar chuspóir ag samhail COL:

- Suntas a thabhairt do thábhacht luathoideachas ardcháilíochta chun bunús na foghlama ar feadh an tsaol a chothú agus chun cabhrú le leanaí a bpoitéinseal iomlán a bhaint amach anois agus sa toadhcháilíochtaí.
- Solathár oideachasúil maith i suíomhanna luathbhlianta a aithint agus a dhearbhu
- Tacú le forbairt leanúnach na cáilíochta i suíomhanna luathbhlianta trí thacaíocht agus comhairle a sholáthar do chleachtóirí faoin tslí inar féidir eispéiris foghlama leanaí agus a ngnóthachtálacha a fhorbairt nó a fheabhsú

<sup>3</sup> An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2009) *Aistear*, *Creachuraclam na Luathóige*. CNCM, Baile Átha Cliath.

<sup>4</sup> An Roinn Oideachais agus Scileanna (2010) *Síolta*, *An Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luathóige*. An Roinn Oideachais agus Scileanna. Baile Átha Cliath.

<sup>5</sup> In Éirinn, baintear úsáid as raon teidil ról chun tagairt do dhuine fásta atá ag obair go díreach le leanaí i suíomhanna luathoideachas chun a bhfoghlaim, a bhfolláine agus a bhforbairt a thacú agus a fhorbairt. Ina measc tá ceannaire réamhscoile, múinteoir réamhscoile, múinteoir, oideachasóir luathbhlianta, gairmeoir luathbhlianta agus cleachtóir luathbhlianta. Bainfear úsáid sa doiciméad seo as an téarma cleachtóir luathbhlianta.

- Bearta náisiúnta eile a thacaíonn le feabhas leanúnach ar cháilíocht soláthar luathoideachais a chomhlánú, mar shampla, suíomhanna tacaíochta meantóireachta/oiliúna a sholáthraíonn Better Start agus an Treoirchleachtas *Aistear/Síolta*
- Tacú le próisis fhéinmheastóireachta agus athbhreithnithe i suíomhanna luathbhlianta
- Deimhniú a thabhairt ar cháilíocht an luathoideachais atá á fháil ag leanaí atá páirteach sa Chlár COLÓ
- Eolas a sholáthar don phobal, ar a n-áirítear tuismitheoirí leanaí réamhscoile, ar cháilíocht an oideachais i suíomhanna luathbhlianta trí thuairiscí cigireachta i scríbhinn a fhoilsiú.

## 2.1 Cigireacht sheachtrach ar sheirbhísí luathbhlianta

Éascaíonn cigireachtaí seachtracha feabhsúchán agus athrú i soláthar oideachais. Soláthraíonn siad dearcadh seachtrach ar obair na suíomhanna luathbhlianta. Soláthraíonn tuairiscí cigireachta breithiúnais fianaise-bhunaithe ar chaighdeán an tsoláthair oideachais agus dearbhaíonn siad na gnéithe den chleachtas atá ag obair go maith. Bíonn torthaí na cigireachta mar bhonn eolais freisin do bhreithmheasanna na foirne faoi na láidreachtaí agus na tosaíochtaí don fheabhsúchán sa suíomh luathbhlianta. Sa chaoi seo, cuidíonn siad le comhlánú a dhéanamh ar na próisis fhéinmheastóireachta agus athbhreithnithe inmheánaí. Tugann na *gníomhaíochtaí a mholtar* i dtuairiscí cigireachta treoir thábhachtach don suíomh luathbhlianta agus í ag tabhairt faoin bhfeabhsúchán go leanúnach ar cháilíocht an tsoláthair agus an chleachtais.

Díríonn ár samhlacha cigireachta ar fadar cháilíocht na hoideolaíochta, na ndeiseanna foghlama agus na n-eispéaras oideachasúla mar aon le ghóthachtáil na bhfoghlaimeoirí. D'fhéadfadh COLaí díriú freisin ar cháilíocht na tacaíochta d'fhoghlaimeoirí, ar cháilíocht na pleanála gnímh um fheabhsúchán agus ar cháilíocht na ceannasaíochta agus na bainistíochta don oideolaíocht, ar a n-áirítear an tslí ina mbíonn teagmháil ag an suíomh le tuismitheoirí agus le teaghlaigh.

Baintear úsáid as samhail COL chun eolas meastóireachta, comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil do cháilíocht an tsoláthair oideachais i suíomh luathbhlianta ó thaobh an ábhair a bhaineann leis na ceithre réimse seo a leanas den chleachtas:

- Cáilíocht an chomhthéacs chun tacú le foghlaim agus le forbairt leanaí
- Cáilíocht na bpróiseas chun tacú le foghlaim agus le forbairt leanaí
- Cáilíocht eispéiris foghlama agus ghnóthachtálacha leanaí
- Cáilíocht na bainistíochta agus na ceannasaíochta don fhoghlaim.

Tá eolas breise ar gach ceann de na ceithre réimse cleachtas seo sa *Chreat Cáilíochta don Oideachas Luathbhlianta* mar atá rianaithe ar leathanach 16 den Treoir seo.

Cur chuige comhoibríoch a bhíonn i gceist leis an gcigireacht ar oideachas luathbhlianta lena mbaineann foireann na cigireachta, an fhoireann sa suíomh luathbhlianta, ar a n-áirítear; cleachtóir(i) agus bainistíocht luathbhlianta m.sh. úinéir/bainisteoir, baill den bhord bhainistíochta. Déanann samhail COL comhlánú ar na próisis mhonatóireachta agus rialúcháin atá ag gníomhaireachtaí eile maidir leis an soláthar luathbhlianta. D'fhéadfadh, in aon suíomh ar leith agus má bhíonn fáil orthu, go mbeadh eolas meastóireachta ábhartha ar an soláthar oideachais sa suíomh a bailíodh trí ghníomhaíocht cigireachta eile mar bhonn eolais don COL. Cuireann samhail COL san áireamh an dul chun cinn a bhíonn déanta ag an suíomh maidir leis na *gníomhaíochtaí a mholtar* ó chigireachtaí a tharla cheana. Má bhíonn eolas á roinnt, tá cur síos go soiléir sna Mebhráin Thuisceana do na gníomhaireachtaí atá i gceist ar na paraiméadair a rialaíonn a leithéid.

Tacaíonn cigireachtaí le rannpháirtíocht chomhghairmiúil idir na cleachtóirí luathbhlianta agus an cigire. Bíonn formhór ama an chigire le linn na cigireachta tugtha don bhreathnóireacht dhíreach ar oideolaíocht agus ar fhoghlaim sna comhthéacsanna foghlama/timpeallachtaí foghlama a chuireann an suíomh ar fáil. Is é an cuspóir ná cáilíocht an tsoláthair a mheas, obair na gcleachtóirí agus na leanaí a dhearbhu agus tacú leis an

bhfeabhsúchán. Ba chóir go gcuirfeadh aischothú an chigire, bunaithe ar na gníomhaíochtaí cigireachta le linn na cigireachta leis an athmhachnamh agus leis an fhéinmheastóireacht ghairmiúil agus go dtiocfadh feabhas i ndeireadh an lae ar na heispéiris agus na torthaí do na leanaí.

Tá sé mar aidhm ag cigireachtaí tacú le ról ceannaireachta oideachasúil cheannairí agus bhainisteoirí an tsuímh luathbhlianta trí dheis a chruthú don phlé gairmiúil le cigirí ar cheisteanna a bhfuil baint ar leith acu le feabhsú leanúnach an tsuímh.

Mar ghnáthnós, foilsítear tuairisc chigireachta mar thoradh ar COL. Is féidir leis an tuairisc seo agus leis an aischothú ó bhéal a sholáthraítear nuair a bhíonn an chigireacht thart, cuidiú le suíomhanna luathbhlianta na láidreachtaí sa soláthar oideachais a aithint agus athmhachnamh gairmiúil a éascú ar ghnéithe ar gá iad a fhorbairt tuilleadh.

Aithníonn an Chigireacht gur iad na leanaí óga agus a dtuismitheoirí na príomhpháirtithe leasmhara i bpobal an tsuímh luathbhlianta. Cruthaíonn ár gcreat cigireachta soláthar láidir do ghuth agus d'eispéiris na bhfoghlaimoirí in ár ngníomhaíochtaí meastóireachta agus táimid tiomanta, mar chuid dár gclár cigireachta, iniúchadh a dhéanamh ar mheicníochtaí don ghafacht le tuismitheoirí ar a ndearchtaí ar cháilíocht suíomhanna luathbhlianta.

## 2.2 Ár samhlacha cigireachta

Faoi láthair tá dhá shamhail cigireachta ar leith againn chun meastóireacht a dhéanamh ar sheirbhísí luathbhlianta. Is iad sin an Chigireacht ar Oideachas Luathbhlianta (COL) agus Cigireachtaí Leantacha (CL). Cuirteann an Chigireacht Leantach ar ár gcumas meastóireacht a dhéanamh ar an tslí ina bhfuil suíomhanna tar éis na *gníomhaíochtaí a mholtar* ó thuairiscí cigireachta roimhe sin a chur i bhfeidhm.

Cuireann gach ceann de na samhlacha cigireachta san áireamh an comhthéacs ar leith a bhaineann leis an suíomh luathbhlianta. D'fhéadfadh tosca a bhaineann le méid, suíomh, cúinsí socheacnamaíocha a mbíonn tionchar acu ar na foghlaimoirí agus ar a bpobal, ar riachtanais foghlama na bhfoghlaimoirí agus ar na tacaíochtaí a bhíonn de dhíth orthu, mar aon le tosca eile, tionchar a bheith acu ar sholáthar agus ar chleachtas an tsuímh. Tuigimid go mbíonn suíomhanna luathbhlianta ag feidhmiú laistigh de shainchomhthéacs ar leith agus cuirimid na tosca sin san áireamh nuair a bhíonn an mheastóireacht ar bun againn.

## 2.3 Príomhphrionsabail a bhíonn mar bhonn eolais dár gcigireachtaí

Mar Chigireacht, táimid dírithe ar dheimhin a dhéanamh go bhfaigheann foghlaimoirí i raon leathan suíomhanna oideachais an t-oideachais is fearr agus is féidir de bharr a mbarrchumas agus a gcuid riachtanas foghlama. Cuirimid ardchaighdeán chun cinn san oideolaíocht agus i dtorthaí agus in eispéiris foghlama na bhfoghlaimoirí agus tugaimid faoi chur ar chumas na n-eagraíochtaí foghlama feabhas a chur ar cháilíocht an oideachais atá á sholáthar acu.

Tá ceithre phríomhphrionsabal mar bhunsraith lenár gcuid oibre:

- Fócas ar fhoghlaimoirí
- Forbairt agus feabhsú
- Rannpháirtíocht mheasúil
- Freagracht agus cuntasacht

Léiríonn na ceithre phríomhphrionsabal, a bhfuil cur síos orthu go mion inár *gCód Cleachtais don Chigireacht* (ar fáil ar láithreán na Roinne Oideachais agus Scileanna [www.education.ie](http://www.education.ie)), na caighdeáin a thugann eolas, treoir agus rialú dár gcuid oibre. Rialaíonn na prionsabail seo réimse meastóireachta agus obair chomhairleach na gcigirí i ngach suíomh, ina measc suíomhanna luathbhlianta, scoileanna, lárionaid oideachais agus raon suíomhanna eile. Tugaimid aird chuí ar na riachtanais a bhaineann le cosaint sonraí nuair a bhíonn obair chigireachta luathbhlianta ar bun againn.



Táimid tiomanta do thabhairt faoin ár gcigireachtaí ar bhealach a chruthaíonn fíor-dheiseanna chun deachleachtas a dhearbú agus chun comhairle phraiticiúil a chur ar fáil do chleachtóirí aonair, do bhainisteoirí agus do bhoird bhainistíochta agus é mar aidhm i ndeireadh na heispéiris agus na torthaí foghlama a fheabhsú do gach leanbh.

### **Ciallions sé seo:**

1. Go bhfuilimid trédhearcach faoin mbealach a bhailimid agus a chuirimid fianaise le chéile dár gcuid breithiúnas meastóireachta:
  - Cloímid lenár dtreoirilínte foilsithe mar a bhaineann said le gníomhaíocht chigireachta.
  - Cuirimid critéir mheastóireachta i bhfeidhm go comhsheasmhach, ag tagairt don *Creat Cáilíochta do Sheirbhísí Luathbhlianta* (2016) (Féach sonraí breise ar lch. 10 agus in Aguisín 1).
2. Tá ár gcuid breithiúnas meastóireachta bunaithe ar bhailiúchán de shonraí oibiachtúla, iontaofa, agus ardchaighdeán agus comhthéacs an naíonra curtha san áireamh:
  - Mar chuid dár mbailiú fianaise, bímid ag plé le leanaí, cleachtóirí, bainisteoirí/ceannairí agus le baill foirne ábhartha eile agus boird bhainistíochta de réir mar is féidir/cuí
  - Úsáidimid an fhianaise a bhailimid chun tacú lenár gcinntí agus leis na *gníomhaíochtaí a mholtar* ar bhealach atá cothrom do chách lena mbaineann
  - Bímid ag brath ar réimse fianaise ó fhoinsí éagsúla
  - Eagraímid cruinnithe iar-mheastóireachta lenár gcinntí a shoiléiriú, a threorú agus a dhearbú
  - Tugaimid deis d'fhoireann an tsuímh luathbhlianta páirt a ghlacadh i bplé gairmiúil linn i rith ár ngníomhaíocht chigireachta
  - Tugaimid deis d'fhoireann an tsuímh luathbhlianta freagairt do phríomhchinntí ábhartha na cigireachta trí fhreagairt suímh a fhoilsiú nuair a chuirtear a leithéid ar fáil.
3. Bíonn meas againn ar cheart chun príobháideachais an duine aonair chomh maith agus is féidir agus bímid comhsheasmhach lenár ndualgas tuairiciú ar cháilíocht agus ar chaighdeán
  - Bíonn tuiscint againn do na daoine aonair a mbímid ag plé leo agus táimid tiomanta don chúirtéis, meas agus cothromaíocht i ngach caidreamh le daoine aonair agus grúpaí
  - Déantar gach iarracht na dea-chaidrimh atá idir na daoine sin atá ag plé le bainistíocht agus ceannaireacht na suíomhanna luathbhlianta - an fhoireann, tuismitheoirí agus foghlaimeoirí - a chaomhnú
  - I gcásanna áirithe, is féidir go dtabharfar eolas eile dúinn ar bhealach a mbeadh an duine a thugann an t-eolas ag súil gur faoi rún a tugadh an t-eolas. Cé go mbeidh meas againn ar eolas a thugtar faoi rún, ní féidir linn dearbhrúndacht an eolais a thugtar a ráthú, ná anaithnideacht an duine nó na daoine aonair a thugann an t-eolas. Déanfaimid iarracht anaithnideacht daoine a chaomhnú, áfach, ag tabhairt aird chuí d'fhorálacha reachtúla, má chreidimid go gcreideann an té a thug an t-eolas go raibh sé/sí á thabhairt faoi rún agus, dá scaoilfí an t-eolas do dhaone eile, go gcuirfí fáil ar eolas dá leithéid sa todhchaí i mbaol.
4. Tuairiscimid go hoibiachtúil agus go cóir ar chaighdeán an tsoláthair oideachais:
  - Leagaimid amach príomhchinntí agus *gníomhaíochtaí a mholtar* a eascraíonn ón gcigireacht go soiléir agus go cinnte chun cur le spreagadh agus cumas foriomlán phobal an oideachais luathbhlianta le spriocanna a bhaint amach agus torthaí a fheabhsú do na foghlaimeoirí

- Cothaímí tuairisciú cothrom agus tomhaiste, go háirithe nuair a bhíonn easaontacht sa bhfianaise a chuirtear i láthair
- Déanaimid obair éifeachtach, dul chun cinn agus gnóthachtáil a aithint agus a dhearbhu
- Cuirimid comhairle ar fáil ar bhealach tacúil agus cabhrach agus bíonn sé i gceist leis na *gníomhaíochtaí a mholtar* go dtacófar le, agus gcothófar, na suíomhanna luathbhlianta chun dul i ngleic lenár gCreat Cáilíochta. Ar an mbealach seo cuirimid ar chumas ceannairí agus cleachtóirí na suíomhanna a spriocanna féin don soláthar agus don chleachtas ardcháilíochta a leagan amach agus a bhaint amach.
- Cuirimid eolas inrochtana ar fáil do thuismitheoirí agus don phobal faoi cháilíocht oibre an tsuímh luathbhlianta agus don phobal faoi dhearbhu cáilíochta.

## 3. Conas mar a tharlaíonn na cigireachtaí?

### 3.1 Roimh don chuairt chigireachta tarlú

#### **Sceidealú na gcigireachtaí**

Sula ndéantar COL a sceidealú, rachaidh Cigireacht na ROS i dteagmháil le Cigireacht Luathbhlianta TUSLA chun a chinntiú, chomh fada agus is féidir, nach mbeidh cigireachtaí ag trasnú ar a chéile nó nach dtarlaíonn an sceidealú ar chineálacha éagsúla cigireachtaí in aon suíomh amháin laistigh de thréimhse ama róghearr.

#### **Fógra**

Mar ghnáthnós, beidh réamhfógra ar COL faighte ag an suíomh luathbhlianta. De ghnáth, tabharfar fógra dhá lá oibre. Tugann cigire a bheidh i mbun na cigireachta (an cigire tuairiscithe) an fógra faoin COL, ar an nguthán agus/nó ar ríomhphost go hiondúil, do bhainisteoir/ príomhchleachtóir an tsuímh. Mar ghnáthnós, déantar a leithéid ar an nguthán nó ar ríomhphost.

Nuair a bhíonn fógra oifigiúil ar chigireacht á sholáthar, déanann an cigire tuairiscithe cur síos ar leagan amach na cigireachta, déanann sé/sí na socruithe do chruinnithe a thionólfar leis an mbainisteoir agus/nó le cleachtóir(i) ar lá na cigireachta a phlé, agus déanann sé/sí aon cheisteanna ar leith a shoiléiriú, lena n-áirítear, mar shampla, eolas atá ar fáil cheana faoi ghnáthaimh an lae. Bíonn an cigire tuairiscithe freagrach san iomlán as an gCOL ar a n-áirítear na ról foirne a dháileadh, na socruithe do chruinnithe agus an tuairisc deiridh ar an gcigireacht a thiomsú.

Coimeádann Cigireacht na ROS an ceart cigireachtaí oideachas-dhírthe ar na luathbhlianta a dhéanamh gan réamhfógra, i líon áirithe cásanna, agus freisin má shileann an Chigireacht gur gá cigireacht gan réamhfógra a dhéanamh.

#### **Doiciméid**

Cuireann cigireacht sheachtrach béim go príomha ar ghnáthobair laethúil an tsuímh luathbhlianta, agus ar na hidirghníomhaíochtaí agus na próisis a tharlaíonn mar chuid de ghnáthlá réamhscoile. Bíonn béim theoranta ar dhoiciméid. Ciallaíonn sé sin go bhféadfadh go dteastódh ó chigirí breathnú ar dhoiciméid a mbeifí ag súil go réasúnta go mbeadh fáil orthu sa suíomh luathbhlianta chun tacú le feidhmiú an tsuímh agus le soláthar an chláir foghlama. Áirítear lámhleabhar tuismitheoirí nó doiciméid eolais eile do thuismitheoirí, ráiteas curaclaim, doiciméid phleanála, taifid ar dhul chun cinn na leanaí agus leagan amach ar ghnáthimeachtaí an lae.

**Cruinnithe**

Is dlúthchuid de Shamhail COL an deis a bhíonn ann bualadh le foireann agus le bainistíocht an tsuímh luathbhlianta. Mar ghnáthnós, tarlaíonn réamhchruinniú le bainisteoir<sup>6</sup> an tsuímh sula dtosaíonn an chigireacht sa suíomh. Socraíonn an cigire tuairiscithe, i gcomhairle leis an mbainisteoir, cruinnithe a eagrú le hionadaithe den bhord bainistíochta, más cuí, agus le foireann an tsuímh. Go hiondúil bíonn na cruinnithe seo mar chuid de na próisis mheastóireachta/bhailiúchán fianaise. Socraítear cruinniú iar-chigireachta freisin ina ndéanfar torthaí na cigireachta a chur in iúl.

**3.2 Nuair a bhíonn an chuairt cigireachta ag tarlú**

Déanann cigire amháin nó níos mó cuairt na cigireachta a láimhseáil. Braitheann fad ama na cigireachta agus na gníomhaíochtaí a tharlaíonn le linn na meastóireachta ar an gcineál cigireachta a bhíonn i gceist (i.e. pé acu COL nó Cigireacht Leantach) agus ar mhéid an tsuímh. Go hiondúil, cuirtear idir lá amháin agus trí lá ar fáil don phríomhghníomhaíocht cigireachta seo ag brath ar an líon seomraí COLÓ. Bíonn cuairteanna ar thimpeallachtaí foghlama, cruinnithe leis an mbainisteoir agus leis an bhfoireann, athbhreithniú ar dhociméid agus soláthar ar aischothú mar chuid den phróiseas.

Bunaithe ar an eolas a chuireann an suíomh luathbhlianta ar fáil, déanfaidh an cigire tuairiscithe iarracht an ghníomhaíocht cigireachta a dhéanamh i gcomhairle le bainisteoir agus foireann an tsuímh ionas go gcuirtear as a laghad agus is féidir do ghnáthobair an tsuímh.

**Cruinniú réamh-chigireachta**

Nuair a thagann sé/sí/siad, léireoidh an/na cigire/í aitheantas oifigiúil don bhainisteoir sa suíomh. Beidh cruinniú gairid ag an gcigire/na cigirí leis an mbainisteoir chun:

- Cur cíós a thabhairt ar phróiseas na cigireachta
- Sceideal na gcuariteanna chuig na timpeallachtaí foghlama éagsúla agus na hamanna a aontú do chruinnithe na gcigirí agus chun torthaí cigireachta a chur le chéile.
- Aon ghnéithe praiticiúla a d'fhéadfadh cur as don chigireacht a phlé
- Socruithe a dheimhniú don aischothú agus do chruinniú leis an úinéir/mbainisteoir agus/nó le cleachtóir(i) ábhartha i ndiaidh na cigireachta
- Doiciméid phleanála agus taifid ar fhoghlaim agus ar ghnóthachtálacha na leanaí atá ar fáil a iarradh chun iad a athbhreithniú le linn na cigireachta
- Fianaise a bhailiú maidir le bainistíocht agus ceannaireacht na foghlama
- Cleachtais fhéinmheastóireachta agus tosaíochtaí d'fheabhsú an tsuímh a phlé.

Cé go ndéanann an fhoireann chigireachta gach iarracht feidhmiú laistigh den fhráma ama aontaithe do COL, d'fhéadfadh cúinsí nach mbeadh súil leo tarlú in amanna a chuirfeadh síniú nó athrú ar an bhfráma ama. Déanfar aon athruithe a phlé roimh ré leis an mbainisteoir, más féidir.

**Cuariteanna ar thimpeallachtaí foghlama**

Is í an phríomhghníomhaíocht a bhíonn i gceist le cigireacht oideachasúil ná breathnóireacht a dhéanamh ar na próisis agus na cleachtais a bhaineann le foghlaim leanaí i dtimpeallacht foghlama amháin nó níos mó atá á sholáthar i suíomh luathbhlianta. Is é/í an cigire tuairiscithe a shocraíonn sceidealú na gcuariteanna cigireachta agus cuirfidh sé/sí in iúl don bhainisteoir nó don chleachtóir cé an/na timpeallachta(i) foghlama a dtabharfar cuairt orthu le linn na cigireachta.

<sup>6</sup> Baintear úsáid as an dtéarma cineálach 'bainisteoir' chun tagairt don phríomhtheagmhálaí sa suíomh a aithníodh, roimh don chigireacht tarlú, mar phríomhchinnnteoir i leith eagrú agus soláthar an tsuímh.

De ghnáth, tarlaíonn cuairt cigireachta ar shuíomh luathbhlianta i rith an lae réamhscoile. D'fhéadfadh tréimhsí éagsúla a bheith i gceist leis na cuairteanna chuig seomraí/áiteanna foghlama aonair sa suíomh, ag brath ar nádúr na ngníomhaíochtaí a bhíonn ar bun. Tugann samhail COL an deis raon fianaise a bhailiú bainteach le ceannaireacht agus foghlaim in obair an tsuímh luathbhlianta agus i gcáilíocht thorthaí na foghlama do leanaí. Éascaíonn a leithéid triantánú na fianaise d'fhonn teacht ar thorthaí a bhíonn beacht agus téagar agus ar chonchlúidí a chuidíonn leis an bhfeabhsúchán. Mar ghnáthnós d'fhéadfadh a leithéid seo a bheith i gceist:

- Breathnú ar na ngníomhaíochtaí foghlama
- Athbhreithniú ar na timpeallachtaí foghlama (laistigh agus lasmuigh)
- Caidreamh leis na foghlaimeoirí agus leis an bhfoireann
- Athbhreithniú/plé ar na doiciméid atá ar fáil.

Is féidir breathnóireacht a dhéanamh ar oideolaíocht agus ar chleachtas a thacaíonn le foghlaim leanaí in aon suíomh foghlama thar thréimhse na meastóireachta. D'fhéadfadh go mbeadh obair bhaill foirne sealadacha agus obair na foirne tacaíochta atá ag obair sa suíomh ag am na cigireachta san áireamh. I suíomhanna níos mó, d'fhéadfadh go mbeadh cuairteanna cigireachta chuig sampla de shuíomhanna foghlama i gceist. D'fhéadfadh go gclúdódh sé freisin an obair a bhaineann le pearsanra seachtracha atá fostaithe ag an suíomh chun teagasc/tacaíocht bhreise a sholáthar do leanaí mar ghnáththréith den chlár foghlama.

Déanann an cigire, agus é/í ag baint úsáide as *Creat Cáilíochta COL*, breithmheas ar an ullmhúchán don chlár foghlama a bhíonn á sholáthar sa suíomh foghlama, ar éifeachtacht na modhanna teagaisc a bhíonn in úsáid, ar na hidirghníomhaíochtaí agus ar an atmaisféar mar aon leis an tslí ina ndéantar na foghlaimeoirí a bhainistiú agus a eagrú le linn na ngníomhaíochtaí foghlama.

Measann an cigire oiread agus a dhéantar eolas, scileanna agus meonta na bhfoghlaimeoirí a thacú agus a fhorbairt agus a mhéid agus a bhíonn siad gafa go cuí ina bhfoghlaim. Déantar na cleachtais mheasúnaithe agus dul chun cinn na bhfoghlaimeoirí a scrúdú freisin. D'fhéadfadh an cigire / na cigirí idirghníomú leis na foghlaimeoirí freisin agus breathnú ar shamplaí da gcuid oibre.

Nuair a bhíonn an chuairt tugtha ar suíomh foghlama, tabharfaidh an cigire aischothú don chleachtóir (na cleachtóirí) luathbhlianta. D'fhéadfadh go ndéanfaí an t-aischothú a sholáthar díreach i ndiaidh na breathnóireachta, nó ag am a aontaíonn an cigire agus an cleachtóir (na cleachtóirí) luathbhlianta. Déantar an dea-chleastas a bhíonn feicthe a aithint agus a dheimhniú agus cuirtear comhairle ar fáil, más cuí, maidir leis an tslí ar féidir feabhas nó forbairt bhreise a dhéanamh ar an soláthar.

### ***Cruinnithe bainteach leis an meastóireacht***

Le linn feidhmiú na COL, d'fhéadfadh go mbeadh gá cruinniú breise a thionól chun fianaise a bhailiú mar bhonn eolais d'ullmhúchán na dréacht-thuaisce don suíomh. Déanfar an sceidealú ar a leithéid de chruinnithe a phlé sula dtarlaíonn an chigireacht, más féidir. D'fhéadfadh go mbeadh gá, áfach, a leithéid de chruinniú a eagrú le linn na cigireachta. Má tharlaíonn go mbíonn níos mó ná cigire amháin gafa leis an gCOL, déanfar cruinniú gairid a thionól idir na cigirí chun a chur ar a gcumas a gcinntí a roinnt lena chéile agus teacht ar bhreithmheas aontaithe ar gach ceann de na ceithre réimse atá luaite sa chreat cáilíochta.

### ***Doiciméid***

Bíonn COL dírithe go príomha ar cháilíocht na ngníomhaíochtaí agus na bpróiseas a éascaíonn foghlaim na leanaí sa suíomh luathbhlianta. Ní gá taifid agus doiciméid nua a chruthú nuair a fhaightear fógra faoi COL. Déanann cigirí athbhreithniú ar an doiciméadachán pleanála atá ar fáil agus atá in úsáid ag na cleachtóirí chun tacú lena ngnáthchleachtais laethúla sa suíomh. Cuidíonn an t-eolas seo le cigirí meastóireacht a dhéanamh ar leithead, ar chothromaíocht agus ar nádúr forbartha an churaclaim éiritheach atá á sholáthar do leanaí.

Déanann cigirí na taifid ar eispéiris foghlama agus ar ghnóthachtálacha leanaí a athbhreithniú freisin chun tuiscint a fháil ar phróiseas foghlama na leanaí. Cuirtear deiseanna ar fáil don chleachtóir (do na cleachtóirí) luathbhlianta chun an doiciméadachán ábhartha a phlé leis an gcigire (na cigirí).

### **Meastóireacht ar chleachtas gairmiúil**

Cé gur léir go mbíonn an mheastóireacht ar chleachtas gairmiúil na gcleachtóirí, agus ar cháilíocht sholáthar an oideachais sa suíomh luathbhlianta ar a ndéantar an chigireacht i gceist sna meastóireachtaí COL, ní cigireacht ar inniúlacht ghairmiúil a bhíonn i gceist le próiseas na cigireachta<sup>7</sup>. Má bhíonn mór-ábhar imní ar an gcigire, áfach, faoi cháilíocht an tsoláthair i seomra/láthair foghlama, déanfar na hábhair imní sin a roinnt leis na mbainisteoir agus leis an gcleachtóir/na cleachtóirí ábhartha mar chuid den aischothú a chuirtear ar fáil. Má bhaineann na hábhair imní le bainistíocht agus/nó le ceannasaíocht sa suíomh, cuireann an cigire/na cigirí é sin in iúl don duine/eagraíocht atá ainmnithe ar dhoiciméad clárúcháin na Roinne Leanáí agus Gnóthaí Óige (RLGÓ) mar an t-úinéir/an comhlach freagrach.

### **Cosaint Leanáí**

Má léirítear do chigire na ROS easnaimh maidir le comhlíontacht suímh leis an *Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanáí 2017*<sup>8</sup> nuair a bhíonn cigireacht oideachas-dhírthe luathbhlianta ag tarlú, déanfaidh an cigire, mar atá i spiorad na treorach sin, bainistíocht an tsuímh luathbhlianta a chur ar an eolas faoi na heasaimh a tugadh faoi deara agus déanfar an gnó a thuairisciú do TUSLA.

Má dhéantar ábhar imní maidir le cosaint leanaí a chur faoi bhráid an chigire/na cigirí nuair a bhíonn cigireacht oideachais ar bun i suíomh luathbhlianta, leanfaidh cigire/í na ROS nósanna imeachta na ROS don tuairisciú ar ghnóthaí cosaint leanaí. Tá an nós imeachta ar fáil sna *Nósanna Imeachta chun Freagairt d'Ábhair a cuirtear Faoi Bhráid Foirne atá Fostaithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna* (Uasdátaithe Feabhra 2017).

## **3.3 Nuair a bhíonn an chuart cigireachta thart**

### **Cruinniú aiseolais iarchigireachta**

Ag deireadh na cigireachta, cuirfidh an cigire/na cigirí na dréacht-chinntí i gcoitinne in iúl do bhainisteoir an tsuímh luathbhlianta agus, má bhíonn fáil orthu, don chleachtóir/ do na cleachtóirí sa/sna seomra(i) foghlama a ndearnadh cigireacht orthu agus do bhaill an bhoird bhainistíochta. Is cuid thábhachtach de phróiseas na cigireachta an cruinniú aischothaithe seo. Tugann sé deis don chumarsáid ar dhréacht-phríomhchinntí na cigireachta agus cruthaítear deiseanna breise soiléiriú a fháil ar eolas agus plé a dhéanamh ar na bealaí inar féidir le forbairt tarlú sa suíomh luathbhlianta trí ghníomhú ar na *gníomhaíochtaí a mholtar* san aiseolas ar an gcigireacht.

Le linn an chruinnithe seo, bíonn sé mar chuspóir ag an gcigire/na cigirí:

- Cleachtas éifeachtach a aithint agus a dhearbhu
- Meastóireacht a thabhairt ar an soláthar oideachais i suíomhanna foghlama a ndearnadh cigireacht orthu agus tagairt á dhéanamh don chontanam cáilíochta (Tábla 1 thíos)
- Réimsí don fhorbairt agus don fheabhsúchán a aithint agus comhairle a sholáthar, de réir mar a oireann, ar na gníomhaíochtaí ionas go dtarlóidh feabhas
- Deis a thabhairt don bhainisteoir agus do chleachtóir(i) eile atá i láthair na torthaí a phlé agus freagairt dóibh
- Cur síos ar an bpróiseas a tharlóidh go foilsíú na tuairisce.

<sup>7</sup> Baineann sé seo leis an socrú ina bhfuil cuairteanna cigireachta á ndéanamh faoi láthair ag Cigireacht na ROS chuig múinteoirí bun scoile nuacháilithe mar chuid de na riachtanais don chlárú gairmiúil leis an gComhairle Mhúinteoireachta. Níl a leithéid de phróiseas clárúcháin gairmiúil i bhfeidhm do chleachtóirí luathbhlianta.

<sup>8</sup> RLGÓ (2017) *Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanáí 2017*

### **An tuairisc chigireachta**

Cuirtear dréacht-thuairisc chigireachta i gcrích nuair a bhíonn an cruinniú aiseolais thart. Leagtar amach sa tuairisc seo na príomhchinntí agus *gníomhaíochtaí a mholtar* na meastóireachta. Déantar í a phróiseáil trí ghnáthphróisis dhearbhaithe cáilíochta na Cigireachta agus cuirtear í amach chuig an suíomh do dhearbú fíricí agus ina dhiaidh sin do fhreagairt an tsuímh mar atá leagtha síos sna *Treoirlínte um Fhoilsiú Tuairiscí Cigireachta Scoile* (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2015)<sup>9</sup>.

Nuair a eisítear an tuairisc do *dhearbhú fíricí*, bíonn deis ag an mbainisteoir agus ag cathaoirleach an bhoird bhainistíochta, más cuí, aon earráidí fírice a shíleann siad atá sa dréacht-thuairisc a chur faoi bhráid na Cigireachta. Ina dhiaidh sin déanfar an tuairisc, leasaithe más gá, a eisiúint chuig suíomh na luathbhlianta do *Fhreagairt an tSuímh*(FS). Bíonn deis ag bainistíocht an tsuímh luathbhlianta freagairt ar an tuairisc a chur isteach i scríbhinn, ag tuairisciú ar a ndéanfar maidir leis na *gníomhaíochtaí a mholtar* sa tuairisc. Déantar an tuairisc dheiridh agus freagairt an tsuímh luathbhlianta a fhoilsiú ar láithreán gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna ([www.education.ie](http://www.education.ie)).

### **Foilsíú na tuairisce deiridh**

Déantar an tuairisc dheiridh agus freagairt an tsuímh a fhoilsiú ar láithreán gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna ([www.education.ie](http://www.education.ie)). Chun COL nó Cigireacht Leantach (CL) a bhaineann le haon suíomh a rochtain, is cóir na céimeanna seo a leanas a leanúint:

- > Cuir [www.education.ie](http://www.education.ie) isteach i mbarra eolais an bhrábhsálaí gréasáin
- > Scrollaigh anuas chuig an bosca gorm éadrom ar thaobh na láimhe clé den leathanach gréasáin dar teideal ‘Topaicí Coitianta’. Cliceáil ar an nasc do Tuairiscí Cigireachta Scoile
- > Faoi ‘Cineálacha Cigireachta’ cliceáil ar an nasc do Chigireacht Oideachas-dhírthe Luathbhlianta (COL) nó do Chigireacht Leantach (CL)
- > Cuir uimhir thagartha na RLGÓ isteach sa bhosca d’Uimhir Rolla na Scoile sa réimse cuardaigh nó cuir isteach ainm agus seoladh an tSuímh Luathbhlianta sna réimsí ábhartha agus cliceáil ar chuardach.

(Féach Aguisín 3 do threoir céim ar chéim maidir leis an bpróiseas eagarthóireachta ar Thuairiscí COL)



<sup>9</sup> Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna (2015)

## 4. Gníomhú de réir na tuairisce cigireachta

Ba chóir do bhainisteoir/phríomhchleachtóir an tsuímh luathbhlianta, mar chuid dá chlár oibre feabhsúcháin don suíomh, na torthaí agus na gníomhaíochtaí atá molta sa tuairisc COL a phlé agus pleanáil go cúramach (mar fhoireann) agus pleanáil chun na gníomhaíochtaí sin a chur i bhfeidhm. Is féidir tuairisc COL mar aon le cineálacha eolais eile atá bailithe ag an suíomh luathbhlianta a úsáid freisin mar bhonn eolais do phróisis fhéinmheastóireachta sa suíomh agus don phleanáil le haghaidh feabhsúcháin agus forbartha.

Is ar bhainistíocht<sup>10</sup> an tsuímh is mó a thiteann an fhreagracht do mhaoirsiú agus d'fheidhmiú na ngníomhaíochtaí bunaithe ar ghníomhaíochtaí agus ar fheabhsuithe atá molta i dtuairisc COL. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh go dteastódh ó sheirbhísí luathbhlianta cúnamh a fháil ó na suíomhanna meantóireachta do na luathbhlianta agus ó fhoinsí comhairleacha eile nuair a bhíonn feabhsuithe á bpleanáil agus á gcur i bhfeidhm. D'fhéadfadh ndéanfadh Cigireacht na ROS níos déanaí an méid dul chun cinn a bhíonn déanta ar fheidhmiú na ngníomhaíochtaí a mholtar i dtuairisc COL a mheas ina dhiaidh sin trí chigireachtaí leantacha ó Chigireachta na ROS. (Féach tuilleadh eolais in Aguisín 3)

## 5. An Creat Cáilíochta don Oideachas Luathbhlianta

Bíonn cigireachtaí luathbhlianta bunaithe ar chreat cáilíochta atá tógtha ar phrionsabail *Aistear: Creachuraclam na Luath-Óige*, agus *Síolta: an Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige* agus ar thaighde náisiúnta agus idirnáisiúnta ar oideachas agus ar chigireacht luathóige. Clúdaíonn an creat cáilíochta príomhghnéithe an bharrchleachtais san oideachas luathbhlianta agus déantar an soláthar a chatagóiriú faoi cheithre phríomhréimse::

**Réimse 1** - Cáilíocht an chomhthéacs chun tacú le foghlaim agus le forbairt leanaí

**Réimse 2** - Cáilíocht na bpróiseas chun tacú le foghlaim agus le forbairt leanaí

**Réimse 3** - Cáilíocht eispéiris foghlama agus ghnóthachtálacha leanaí

**Réimse 4** - Cáilíocht eispéiris foghlama agus ghnóthachtálacha leanaí.

<sup>10</sup> Baintear úsáid as an téarma 'bainistíocht' chun tagairt don údarás freagartha a bhfuil an cumas aige gníomhaíochtaí a threorú agus a údarású mar thaca le feabhsú cáilíochta laistigh den suíomh luathbhlianta. D'fhéadfadh gur Úinéir, Bainisteoir, baill den Bhord Bainistíochta a bheadh i gceist.

I dtábla 1 thíos aithnítear fiche príomhthoradh, faoi cheithre phríomhréimse, a dhéanann cur síos ar ghnéithe den bharrchleachtas san oideachas agus cúram luathbhlianta.

**Tábla 1: Forbhreathnú ar Chreatlach Cáilíochta do Chigireachtaí Oideachas-dhírthe ar na Luathbhlianta (COL) i Suíomhanna Luathbhlianta atá Páirteach sa Chlár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (COLÓ)**

Réimse	Toradh	
<b>Réimse 1 - Cáilíocht an chomhthéasc chun tacú le foghlaim agus le forbairt leanaí</b>	1. Cothaíonn atmaisféar agus eagrú an tsuímh foghlaim agus forbairt na leanaí agus tacaíonn sé leis na leanaí go léir a chuimsiú	
	2. Tá na caidrimh freagrúil, measúil agus deilíneach	
	3. Cothaítear tuiscint leanaí ar aitheantas agus ar mhuintearas	
<b>Réimse 2 – Caighdeán na bpróiseas chun tacú le foghlaim agus le forbairt leanaí</b>	4. Bíonn Aistear: <i>Creatchuraclam na Luathbhlianta</i> mar bhonn eolais don soláthar	
	5. Úsáidtear faisnéis faoi fhorbairt an linbh chun bonn eolais a chur faoi na chéad chéimeanna eile san fhoghlaim	
	6. Éascaítear idirghníomhaíochtaí ar ardchaighdeán do leanaí	
	7. Tacaíonn an timpeallacht agus na hacmhainní le foghlaim agus le forbairt leanaí	
	8. Bíonn an súgradh lárnach i bhfoghlaim agus i bhforbairt leanaí	
	9. Cothaítear scileanna éiritheacha sa teanga, sa litearthacht agus san uimhearthacht	
	10. Bíonn an soláthar d’fhoghlaim agus d’fhorbairt leanaí dlúthcheangailte leis na réimsí spéise atá acu mar aon leis na réimsí cumas atá á bhforbairt iontu	
	11. Foghlaimíonn leanaí i dtimpeallacht uileghabhálach	
	<b>Réimse 3 – Caighdeán eispéiris foghlama agus ghnóthachtálacha leanaí</b>	12. Léiríonn leanaí rannpháirtíocht agus taitneamh ina bhfoghlaim mar aon le tuiscint dhearfach ar a bhfolláine
		13. Éiríonn le leanaí taithí a fháil ar ghnóthachtáil agus bíonn siad ag forbairt mar thoradh ar an bhfoghlaim
		14. Bíonn féiniúlacht agus muintearas mar aon le scileanna pearsanta agus sóisialta á bhforbairt ag leanaí chun tacú lena bhfoghlaim agus lena bhforbairt
15. Cuireann leanaí a n-eispéireas, a smaointe, a dtuairimí agus a gcuid mothúchán in iúl do dhaoine eile ar bhealaí éagsúla		
16. Déanann leanaí ciall dá ndomhan trí idirghabháil le daoine eile agus lena dtimpeallacht trí shúgradh, fiosrú agus ceistiúchán		
<b>Réimse 4 - Cáilíocht na bainistíochta agus na ceannasaíochta don fhoghlaim</b>	17. Bíonn <i>Síolta, an Creat Náisiúnta Ardchaighdeáin don Oideachas Luath-Óige</i> mar bhonn eolais don phleanáil, don athbhreithniú agus don mheastóireacht	
	18. Déanann bainistíocht an tsuímh eispéiris foghlama agus forbartha ar ardchaighdeán a sholáthar do leanaí	
	19. Cothaítear bealaí cumarsáide sa dá threo idir an suíomh luathbhlianta, tuismitheoirí, teaghlaigh agus leanaí	
	20. Déantar aistrithe chuig an suíomh, ón suíomh, agus laistigh den suíomh a bhainistiú go héifeachtach chun tacú le foghlaim agus forbairt leanaí.	



Chun an trédhearcacht is fearr faoi fhócas na cigireachta a dheimhniú do na cleachtóirí luathbhlianta, tá cur síos breise tugtha ar gach toradh trí úsáid a bhaint as roinnt comharthaí cleachtais (Aguisín 1). Níl na comharthaí cleachtais saintreorach ná uileghabhálach. Glactar leis go mbíonn cuir chuige éagsúla i measc na soláthraithe luathbhlianta agus go bhfuil said ag pointí éagsúla sa bhforbairt. Níltear ag súil go mbeidh gach sainchomhartha le feiceáil go soiléir in aon suíomh ar leith.

Bíonn plé gairmiúil ag na cigirí leis na cleachtóirí faoi raon cinní agus comharthaí cleachtais le linn cuairt na cigireachta. Bíonn an bhreathnóireacht ar ghníomhaíochtaí a eagraíonn agus a éascaíonn an/na cleachtóir(i) ar lá na cigireachta mar bhonn eolais do cháilíocht an tsoláthair i ngach ceann de na ceithre réimsí.

## 6. An Contanam Cáilíochta

Agus anailís agus tuairisciú á dhéanamh acu ar a dtátail maidir le gach ceann de na ceithre réimse leathan, baineann cigirí úsáid as contanam cáilíochta ina bhfuil cúig bhanda cáilíochta mar a léirítear ag *Tábla 1* thíos:

Tábla 1: An contanam cáilíochta

LEIBHÉAL	CUR SÍOS
Ar fheabhas	Bíonn an soláthar ar fheabhas nuair a bhíonn sé ag freastal go sár-mhaith ar riachtanais na leanaí.
An-mhaith	Tá an soláthar an-mhaith nuair a bhíonn sé ag freastal go han-éifeachtach ar riachtanais na leanaí.
Go maith	Tá an soláthar go maith nuair a bhíonn sé ag freastal go héifeachtach ar riachtanais na leanaí ach nuair a bhíonn roinnt gnéithe le forbairt go fóill.
Measartha	Tá an soláthar measartha nuair is gá an cleachtas a fheabhsú chun freastal ar riachtanais na leanaí.
Lag	Tá an soláthar lag nuair atá sé easnamhach agus nuair atá feabhas suntasach de dhíth chun tabhairt faoi riachtanais na leanaí

## 7. Athbhreithniú ar chigireachtaí

Is féidir le cleachtóir nó bainisteoir ar sheirbhís luathbhlianta a mbíonn baint ag cigireacht leis/léi athbhreithniú ar chigireacht a éileamh de réir na nósanna imeachta mar atá in *Nósanna Imeachta don Athbhreithniú ar Chigireachtaí ar Sheirbhísí Luathbhlianta agus ar Mhúinteoirí faoi Alt 13(9) den Acht Oideachais (1998) (Leasú 2015)* ([www.education.ie](http://www.education.ie)).

## 8. Foilsiú agus leasú na treorach seo

Rinneadh an Treoir seo a ullmhú mar thoradh ar chomhairle ó chleachtóirí luathbhlianta, acadóirí, tuismitheoirí, eagraíochtaí a thugann tacaíocht do sheirbhísí luathbhlianta, agus páirtithe leasmhara eile a bhfuil spéis acu san oideachas luathbhlianta mar a éilíonn Alt 13(8) den Acht Oideachais, 1998. Tá faomhadh tugtha ag an Aire Oideachais agus Scileanna agus ag an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige don treoir.

Tá an Chigireacht tiomanta do na bealaí ina ndéanann sí a cuid oibre meastóireachta agus comhairliúcháin sna suíomhanna luathbhlianta a fheabhsú agus déanfar soláthairtí na Treorach seo a athmheas ó am go ham.

## 9. Aguisíní

### Aguisín 1: Creat Cáilíochta do COL lena n-áirítear Comharthaí don Chleachtas<sup>11</sup>

#### Réimse 1 - Cáilíocht an chomhthéasc chun tacú le foghlaim agus le forbairt leanaí

Toradh	Comharthaí don chleachtas: Féach conas mar atá maidir leo seo...
<p>1. Cothaíonn atmaisféar agus eagrú an tsuímh foghlaim agus forbairt na leanaí agus tacaíonn sé leis na leanaí go léir a chuimsiú</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Is léir éiteas comhbhách agus atmaisféar caoin, séimh</li> <li>■ Cothaíonn gnáth-imeachtaí agus nósanna imeachta slándáil fhisiciúil, shóisialta agus mhothúchánach chomh maith lena bhfoghlaim agus lena bhforbairt</li> <li>■ Is léir go bhfuil leanaí gníomhach i roghnú agus in eagrú a gcuid imeachtaí foghlama agus forbartha</li> <li>■ Féachtar ar am na sneaiceanna/na mbéilí mar ócáid shóisialta agus mar dheis chun stíl bheatha fholláin a chothú</li> <li>■ Tacaítear le leanaí a riachtanais sláinteachais agus a gcúraim phearsanta a bhainistiú</li> <li>■ Tacaíonn amanna trasdula sa suíomh le heispéiris foghlama dhearfacha do leanaí</li> <li>■ Déantar aistrithe laistigh den suíomh a bhainistiú go héifeachtach agus cothaíonn siad leanúnachas sa bhfoghlaim i rith an lae</li> </ul>
<p>2. Tá na caidrimh freagrúil, measúil agus deilíneach</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Léiríonn cleachtóirí mothú, séimhe agus dearcadh dearfach i leith leanaí agus a dteaghlaigh</li> <li>■ Cothaíonn cleachtóirí caidreamh comhbhách agus measúil idir leanaí</li> <li>■ Cothaítear caidreamh daingean idir leanaí agus na príomh-chleachtóirí san ionad</li> <li>■ Bíonn a fhios ag tuismitheoirí cén príomhchleachtóir a bhíonn ag a leanbh</li> <li>■ Déanann cleachtóirí treoir agus spreagadh a mhúnlú agus a sholáthar chun iompar dearfach a chothú</li> <li>■ Gné leanúnach don fhreagairt do leanaí ná aitheantas, moladh agus spreagadh</li> </ul>

<sup>11</sup> Is iad *Aistear* and *Síolta* a bhí mar bhonn eolais do na comharthaí. Níl na liostaí uileghabhálach ná saintreorach.

Toradh	Comharthaí don chleachtas: Féach conas mar atá maidir leo seo...
3. Cothaítear tuiscint leanaí ar aitheantas agus ar mhuintearas	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Is léir meas agus aitheantas ar uathúlacht gach duine ar leith</li> <li>■ Bíonn an cleachtas leanbh-lárnach, comh-mheasúil agus oiriúnach ó thaobh cultúir</li> <li>■ Cuirtear deiseanna ar fáil do leanaí chun féinmheas a chothú mar dhaoine aonair agus mar bhaill de ghrúpa</li> <li>■ Cuirtear deiseanna ar fáil a thugann leanaí, teaghlaigh agus cleachtóirí le chéile sa suíomh</li> <li>■ Aithnítear éagsúlacht agus dearbhaítear í i dtimpeallacht foghlama uileghabhálach</li> <li>■ Tá teagmhálacha cruthaithe ag an suíomh agus tá nasc aige leis an bpobal áitiúil</li> <li>■ Bíonn deiseanna ag leanaí chun aithne a chur ar dhaoine agus eolas a fháil ar áiteanna sa phobal lena mbaineann siad</li> </ul>

## Réimse 2 –Caighdeán na bpróiseas chun tacú le foghlaim agus le forbairt leanaí

Toradh	Comharthaí don chleachtas: Féach conas mar atá maidir leo seo...
4. Bíonn Aistear: <i>Creatchuraclam na Luathbhlianta</i> mar bhonn eolais don soláthar	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Tá cur síos ar churaclam a bhfuil bonn leathan aige, agus Aistear mar bhonn eolais aige, agus táthar á úsáid chun tacú le foghlaim agus le forbairt leanaí</li> <li>■ Bíonn cleachtóirí sa suíomh páirteach i bhforbairt curaclaim atá fabhraitheach agus atá bunaithe ar cheisteanna, agus léiríonn siad eolas, tuiscint agus muinín maidir leis na pleananna seo a chur i bhfeidhm</li> <li>■ Cuirtear spéiseanna, cúlraí cultúrtha, láidreachtaí, riachtanais agus réamheispéiris foghlama leanaí san áireamh le linn pleanála</li> <li>■ Tá cur chuige pleanáilte ann maidir le méin, luachanna, dearcthaí, scileanna, eolas agus tuiscint gach linbh a fhorbairt</li> <li>■ Bíonn na pleananna solúbtha go leor chun deis a thabhairt don fhreagairt ar na réimsí spéise atá ag teacht chun cinn do leanaí</li> <li>■ Tacaíonn pleanáil le heispéireas foghlama comhcheangailte, iomlánaíoch a sholáthar do leanaí ag baint úsáide as modhanna measúnaithe chun foghlama chun dul chun cinn sna chéad chéimeanna eile dá bhfoghlaim a chothú</li> <li>■ Eagraítear pleanáil do chur i bhfeidhm an churaclaim ar bhonn fadtéarma, meántéarma agus gearrthéarma</li> <li>■ Déantar monatóireacht agus athbhreithniú go rialta ar chur i bhfeidhm an churaclaim</li> </ul>

Toradh	Comharthaí don chleachtas: Féach conas mar atá maidir leo seo...
<p>5. Úsáidtear faisnéis faoi fhorbairt an linbh chun bonn eolais a chur faoin na chéad chéimeanna eile san fhoghlaim</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Úsáidtear cuir chuige éagsúla don mheasúnú chun faisnéis a bhailiú faoi eispéiris foghlama agus faoi ghnóthachtálacha leanaí</li> <li>■ Úsáidtear measúnú chun foghlama chun bonn eolais a chur faoi na chéad chéimeanna eile in eispéiris foghlama leanaí agus chun a dheimhniú go mbíonn leanúnachas ina bhfoghlaim</li> <li>■ Taifeadtar faisnéis faoi fhoghlaim leanaí go rialta chun léargas saibhir a chruthú ar fhoghlaim agus ar fhorbairt leanaí</li> <li>■ Tugtar aiseolas múnlaiteach cuí do leanaí go rialta chun a bhfoghlaim agus a bhforbairt a shíneadh</li> <li>■ Téitear i gcomhairle le tuismitheoirí agus cuirtear in iúl dóibh maidir le foghlaim agus forbairt a linbh</li> </ul>
<p>6. Éascaítear idirghníomhaíochtaí ar ardchaighdeán do leanaí</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Breathnaítear ar an leanbh mar fhoghlaiméir cumasach muiníneach</li> <li>■ Aithnítear an leanbh mar ghníomhaí gníomhach ina c(h)uid foghlama</li> <li>■ Cuirtear tacaíocht ar fáil do leanaí agus spreagtar chun foghlama iad taobh le taobh le daoine eile</li> <li>■ Tá cothromaíocht chuí idir gníomhaíochtaí foghlama agus forbartha arna dtionscnamh ag daoine fásta agus arna dtionscnamh ag leanaí</li> <li>■ Tá aithne mhaith ag an gcleachtóir ar an leanbh agus freagraíonn sé/sí go cuí dá spéiseanna agus dá riachtanais foghlama</li> <li>■ Feidhmíonn an cleachtóir go gníomhach chun smaointeoireacht agus foghlaim teanga na leanaí a mhéadú nuair a bhíonn siad ag súgradh (comhsmaointeoireacht leanúnach)</li> <li>■ Meallann an cleachtóir aird an linbh agus spreagann sé/sí é/í ina c(h)uid foghlama ar bhealach measúil agus comhbhách</li> <li>■ Baineann an cleachtóir úsáid as réimse straitéisí agus modheolaíochtaí caidrimh chun réimse leathan eispéireas foghlama a éascú</li> <li>■ Cuireann an cleachtóir chun cinn idirghníomhaíochtaí idir comhdháltaí i mbeirteanna agus i ngrúpaí chun caidrimh thacúla a chothú</li> </ul>
<p>7. Tacaíonn an timpeallacht agus na hacmhainní le folláine, foghlaim agus forbairt leanaí</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Coinnítear dea-bhail, a bhíonn sábháilte agus fáiltiúil. ar thimpeallachtaí laistigh agus lasmuigh</li> <li>■ Leagtar amach timpeallachtaí laistigh agus lasmuigh d'aon turas chun fiosracht, cruthaitheacht, samhlaíocht agus fonn taiscéalaíochta leanaí a fhorbairt</li> <li>■ Úsáidtear timpeallachtaí laistigh agus lasmuigh go héifeachtach chun foghlaim leanaí a spreagadh, chun tacú léi, chun í a dhaigniú agus a shíneadh</li> </ul>

Toradh	Comharthaí don chleachtas: Féach conas mar atá maidir leo seo...
	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Bíonn fáil ag leanaí go rialta ar thimpeallachtaí foghlama lasmuigh. Bíonn fáil gan dua ar na hacmhainní, cuí maidir le forbairt, agus cuireann siad eispéiris foghlama ilchéadfacha ar fáil</li> <li>■ Bíonn éagsúlacht acmhainní litearthachta / uimhearthachta sa suíomh, a bhíonn in úsáid go rialta agus a mbíonn cuspóir leo</li> <li>■ Cuirtear a bhfuil bainte amach ag leanaí ar taispeáint ar bhealach cruthaitheach agus bíonn siad le feiceáil ag leanaí agus ag tuismitheoirí</li> <li>■ Roghnaíonn leanaí maidir leis an ghafacht a bhíonn acu le timpeallachtaí, le hacmhainní agus le gníomhaíochtaí</li> <li>■ Úsáidtear na timpeallachtaí chun aclaíocht fhisiciúil agus scileanna mórluaile agus mínluaile a fhorbairt</li> <li>■ Spreagann an timpeallacht leanaí chun tógáil ar a n-acmhainn féinrialaithe agus athléimneachta trí dheiseanna a chruthú chun rioscaí cuí a ghlacadh</li> <li>■ Leagtar amach an timpeallacht chun a chinntiú go bhfoghlaimíonn leanaí i gcomhthéacsanna éagsúla i rith an lae</li> </ul>
8. Bíonn an súgradh lárnach i bhfoghlaim agus i bhforbairt leanaí	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Is é an súgradh an meán lárnach trína bhfoghlaimíonn agus trína bhforbraíonn leanaí sa suíomh</li> <li>■ Cuirtear am ar fáil don súgradh breisithe, oscailte sa suíomh.</li> <li>■ Cruthaítear deiseanna go rialta do leanaí pleanáil dá n-eispéireas súgartha, labhairt agus smaoineamh fúthu</li> <li>■ Cuirtear deiseanna ar fáil le haghaidh éagsúlacht cineálacha súgartha, lena n-áirítear súgradh cruthaitheach, súgradh teanga, súgradh fisiciúil, súgradh samhlaíoch, súgradh sochdhrámatúil agus súgradh a bhaineann le tógáil</li> <li>■ Tá deiseanna súgartha ar fáil go héasca, infhaighte, cuí agus tá acmhainní maithe ann lena n-aghaidh. Tuigtear an tábhacht a bhaineann le súgradh uathghinte. Úsáidtear súgradh mar mheán ionas gur féidir le leanaí idirghníomhú leis an saol, an saol a thaiscéaladh agus ciall a dhéanamh de</li> <li>■ Tá an deis ag leanaí a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí súgartha ina n-aonar, le comhdhaltaí agus/nó le cleachtóirí</li> <li>■ Éascaíonn an cleachtóir an súgradh go héifeachtach, treoraíonn agus stiúirann sé/sí súgradh chun tacú go héifeachtach le foghlaim agus le forbairt leanaí</li> <li>■ Cumasaíonn súgradh foghlaim agus forbairt le cuspóir do gach leanbh de réir a riachtanas agus a spéiseanna</li> </ul>

Toradh	Comharthaí don chleachtas: Féach conas mar atá maidir leo seo...
<p>9. Cothaítear scileanna éiritheacha sa teanga, sa litearthacht agus san uimhearthacht</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Déanann cleachtóirí teanga chuí a mhúnlú, ar a n-áirítear teanga mhatamaiticiúil, agus spreagann siad úsáid leathnaithe stór focal agus teanga le linn idirghníomhaíochtaí</li> <li>■ Cinntíonn cleachtóirí go mbíonn cothromaíocht chuí ann idir labhairt agus éisteacht le linn idirghníomhaíochtaí</li> <li>■ Spreagtar leanaí agus tugtar tacaíocht dóibh a dtuairimí, a mothúchán agus a smaointeoireacht a léiriú ar bhealaí éagsúla</li> <li>■ Léirítear meas ar theanga(cha) baile leanaí agus dearbhaítear í/iad agus bíonn siad le feiceáil i dtimpeallacht phriontashaibhir</li> <li>■ Baineann leanaí taitneamh go rialta as éagsúlacht rímeanna, rannta, dánta agus amhrán</li> <li>■ Tá fáil ag leanaí ar leabhair ar ardchaighdeán agus bíonn deiseanna acu éisteacht go rialta le scéalta agus iad a thaiscéaladh</li> <li>■ Cuirtear deiseanna ar fáil do leanaí a bheith páirteach i ndéanamh marcanna</li> <li>■ Cuirtear smaointeoireacht agus foghlaim mhatamaiticiúil chun cinn trí acmhainní agus cluichí oscailte, nasctha le saol laethúil leanaí</li> <li>■ Is léir go mbíonn deiseanna ag leanaí páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí a chruthaíonn luathmheonta dearfacha i leith na heolaíochta, na teicneolaíochta, na hinnealtóireachta, na n-ealaíon agus na matamaitice (STEAM)</li> </ul>
<p>10. Bíonn an soláthar d'fhoghlaim agus d'fhorbairt leanaí dlúthcheangailte leis na réimsí spéise atá acu agus leis na réimsí cumas atá á bhforbairt iontu</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Déanann an phleanáil d'fhoghlaim agus d'fhorbairt leanaí tógáil ar spéiseanna agus ar réamheispéiris agus ar ghnóthachtálacha leanaí</li> <li>■ Leagann cleachtóirí amach ard-ionchais a bhíonn réalaíoch do gach leanbh sa suíomh</li> <li>■ Cuirtear dúshláin roimh leanaí agus foghlaimíonn siad straitéisí gníomhacha don iniúchadh, don smaointeoireacht agus don réasúnaíocht</li> <li>■ Cuirtear deiseanna ar fáil do leanaí sásamh, rath agus máistreacht a bhaint amach le linn na ngníomhaíochtaí foghlama</li> <li>■ Cumasaítear leanaí agus tacaítear leo chun naisc a dhéanamh ina bhfoghlaim agus chun a n-eolas agus a scileanna a aistriú go suíomhanna nua foghlama</li> <li>■ Spreagtar leanaí agus tacaítear leo chun freagairt go cruthaitheach agus iad páirteach sa bhfoghlaim</li> <li>■ Tagann leanaí ar bhealaí éagsúla chun a gcruthaitheacht agus a n-indibhidiúileacht a léiriú</li> <li>■ Tugann gníomhaíochtaí foghlama eispéiris a éiríonn níos casta, níos ilghnéithí agus níos dúshlánaí, de réir a chéile, do leanaí agus iad seo in oiriúint dá riachtanas agus dá gcumas aonair</li> </ul>

Toradh	Comharthaí don chleachtas: Féach conas mar atá maidir leo seo...
11. Foghlaimíonn leanaí i dtimpeallacht uileghabhálach	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Bíonn deiseanna ag leanaí páirt a ghlacadh sa bhfoghlaim i gcothromas beag beann ar inscne, cumas, aois, cine agus cúlra.</li> <li>■ Glactar le cur chuige cuimsitheach chun a chinntiú go mbíonn gach foghlaimeoir rannpháirteach agus iad sa suíomh</li> <li>■ Bíonn eispéiris ag leanaí ar scéalta agus ar shiombail a bhaineann lena gcultúr féin agus le cultúir eile</li> <li>■ Tugann cleachtóirí aitheantas don éagsúlacht agus freastalaíonn siad uirthi maidir le stíl, luas agus fócas</li> <li>■ Tugtar aird ar leith ar an bhfoghlaim ag leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu, leanaí nach bhfuil Béarla ná Gaeilge mar chéad teanga acu, grúpaí mionlaigh agus iad siúd lena mbaineann míbhuntáiste oideachais</li> <li>■ Cothaítear foghlaim agus forbairt leanaí i gcomhpháirt le tuismitheoirí</li> <li>■ Bíonn naisc déanta ag an suíomh le gníomhaireachtaí seachtracha, nuair is cuí agus is féidir, chun an tacaíocht is mó agus is féidir a fháil do leanaí le riachtanais bhreise</li> </ul>

### Réimse 3 – Cailíocht eispéiris foghlama agus ghnóthachtálacha leanaí

Toradh	Comharthaí don chleachtas: Féach conas mar atá maidir leo seo...
12. Léiríonn leanaí rannpháirtíocht agus taitneamh ina bhfoghlaim, agus folláine dhearfach	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Léiríonn leanaí taitneamh ina bhfoghlaim</li> <li>■ Bíonn leanaí spreagtha, bíonn spéis acu agus bíonn siad rannpháirteach ina ngníomhaíochtaí foghlama</li> <li>■ Is léir go gcloistear guthanna na leanaí, go léirítear meas orthu, agus go ngníomhaítear dá réir</li> <li>■ Léiríonn leanaí tioncsnaíocht, féintuilleamaí, féinmhuinín agus dea-mhéin i leith na foghlama, ar a n-áirítear teacht aniar, seiftiúlacht agus dianseasmhacht</li> <li>■ Déanann leanaí cinntí maidir lena n-eispéiris foghlama agus le linn a n-eispéiris foghlama</li> <li>■ Bíonn leanaí tuisceanach ar na mothúcháin a bhíonn acu le linn ngníomhaíochtaí foghlama agus is féidir leo iad a ainmniú</li> <li>■ Léiríonn leanaí cruthaitheacht agus ionadh mar aon le fiosracht nádúrtha</li> <li>■ Léiríonn leanaí cumas, a bhíonn ag forbairt, chun machnamh a dhéanamh, breithmheasanna a úsáid agus cinntí a dhéanamh</li> <li>■ Bíonn leanaí ag forbairt an chumais a bheith ag comhshúgradh, i mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga</li> </ul>

Toradh	Comharthaí don chleachtas: Féach conas mar atá maidir leo seo...
<p>13. Éiríonn le leanaí taithe a fháil ar ghnóthachtáil agus éiríonn leo forbairt trí mheán a n-eispéaras foghlama</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Mothaíonn leanaí go bhfuil ag éirí leo le linn gníomhaíochtaí foghlama</li> <li>■ Pléann nó roinneann leanaí gnéithe dá bhfuil bainte amach acu sa bhfoghlaim go rialta le daoine eile</li> <li>■ Léiríonn leanaí feasacht ar a gcumais atá ag athrú agus ag forbairt agus is féidir leo naisc a chruthú leis an am atá thart, leis an am faoi láthair agus leis an todhchaí</li> <li>■ Léiríonn faisnéis a thaifeadtar ar fhoghlaim leanaí a ngnóthachtálacha i raon eispéreas comhcheangailte a oireann do chomhthéacs luathbhlianta</li> <li>■ Léiríonn an t-eolas a bhíonn cláraithe faoi fhoghlaim leanaí an fhorbairt atá déanta acu agus tuiscint léirithe ar na réimsí spéise, na riachtanais, na cuir chuige agus na culraí cultúrtha atá acu</li> <li>■ Léiríonn leanaí muinín agus comhordú méadaitheach ina scileanna mórluaile agus mínluaile</li> <li>■ Léiríonn leanaí cumas méadaitheach roghanna sláintiúla a dhéanamh maidir le cothú, aclaíocht agus gnáthaimh phearsanta</li> </ul>
<p>14. Tá féiniúlacht agus muintearas mar aon le scileanna pearsanta agus sóisialta á bhforbairt ag leanaí chun tacú lena bhfoghlaim agus lena bhforbairt</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Léiríonn leanaí feasacht agus tuiscint ar a n-uathúlacht féin agus tá tuiscint acu ar cé hiad iad féin</li> <li>■ Tá leanaí in ann tuairisciú ar na suimeanna, tuairimí, mothúcháin, cúlra teaghlaigh agus eispéiris pearsanta atá acu</li> <li>■ Tá tuiscint dhearfach á forbairt ag leanaí ar a bhféiniúlacht féin mar fhoghlaimeoirí cumasacha</li> <li>■ Tá tuiscint dhearfach á forbairt ag leanaí ar a bhféiniúlacht féin mar bhaill de theaghlaigh agus de ghrúpaí</li> <li>■ Tá feasacht ag leanaí ar a bpobal áitiúil agus ar ról dhaoine éagsúla laistigh den phobal sin</li> <li>■ Léiríonn leanaí tuiscint agus meas ar fhéiniúlacht, ar chearta agus ar thuairimí daoine eile</li> <li>■ Tuigeann leanaí na rialacha agus na teorainneacha a bhaineann le hiompair inghlactha agus léiríonn siad cumas forbarthach maidir le féinrialú agus réiteach achrainn</li> <li>■ Bíonn scileanna pearsanta agus sóisialta á bhforbairt ag leanaí a chuireann ar a gcumas freagairt go cuí do chúinsí éagsúla, m.sh. sealanna a ghlacadh, comhoibriú, idirbheartaíocht, freagracht a ghlacadh agus caidrimh a fhorbairt</li> </ul>



Toradh	Comharthaí don chleachtas: Féach conas mar atá maidir leo seo...
<p>15. Cuireann leanaí a n-eispéireas, a smaointe, a dtuairimí agus a gcuid mothúchán in iúl do dhaoine eile ar bhealaí éagsúla</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Úsáideann agus léirmhíneann leanaí straitéisí cumarsáide neamhbhriathartha lena n-áirítear teagmháil súl, geáitsíochtaí agus éisteacht</li> <li>■ Úsáideann leanaí teanga chun eolas a thabhairt agus a fháil, eispéiris a léirmhíniú, ceisteanna a chur, iarratais a dhéanamh, a dhiúltú, idirbheartaíocht a dhéanamh, fadhbanna a réiteach, ról a shamhlú agus a athchruthú agus chun a smaointeoireacht, a dtuairimí agus a gcuid mothúchán a shoiléiriú</li> <li>■ Idirghníomhaíonn leanaí le leanaí eile agus le daoine fásta trí éisteacht, plé, ceistiúchán agus sealanna a ghlacadh i gcomhráite</li> <li>■ Bíonn tuiscint ag leanaí maidir lena dteanga bhaile agus tuigean siad conas is féidir teangacha éagsúla a úsáid le daoine éagsúla i gcúinsí éagsúla</li> <li>■ Léiríonn leanaí mothúcháin, smaointe, agus cruthaitheacht trí scéalaíocht, déanamh ealaíne, marcáil a dhéanamh, bogadh le ceol, rólimirt agus réiteach fadhbanna</li> <li>■ Déanann leanaí fuaim, patrún, rithim agus athrá sa teanga a iniúchadh</li> <li>■ Léiríonn leanaí smaointe agus mothúcháin trí mheáin agus trí ghníomhaíochtaí súgartha éagsúla</li> <li>■ Bíonn guthanna leanaí feiceálach sa suíomh; m.sh. rudaí a bhíonn ráite acu cláraithe nó an obair ealaíne a bhíonn déanta acu no taifid foghlama.</li> <li>■ Léiríonn leanaí feacht agus tuiscint fhabhraitheach ar chiall agus ar úsáid siombailí, pictiúr, clódóireachta agus uimhreacha mar mhodhanna cumarsáide</li> <li>■ Bíonn tuiscint mhéadaitheach ag leanaí ar chiall agus ar úsáid teanga mhatamaiticiúil</li> <li>■ Bíonn deiseanna ag leanaí nach í a dteanga baile atá in úsáid sa suíomh cumarsáid a dhéanamh agus iad féin a chur in iúl.</li> </ul>
<p>16. Déanann leanaí ciall dá ndomhan trí idirghabháil le daoine eile agus lena dtimpeallacht trí shúgradh, fiosrú agus ceistiúchán</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Bíonn leanaí fiosrach agus muiníneach agus iad ag iniúchadh agus ag smaoineamh faoina n-eispéiris foghlama</li> <li>■ Bíonn leanaí feacht ar an timpeallacht nádúrtha agus ar ghnéithe, ábhair, ainmhithe agus plandaí</li> <li>■ Glacann leanaí páirt ina dtimpeallacht, déanann siad iniúchadh agus baineann siad triail as rudaí sa timpeallacht, agus úsáideann siad a scileanna fisiciúla atá ag teacht chun cinn chun nithe agus ábhair éagsúla a láimhseáil</li> <li>■ Úsáideann leanaí leabhair agus TFC don spraoi, chun eolas a fháil agus chun a dtuiscint ar an domhan a leathnú</li> <li>■ Comhoibríonn leanaí le daoine eile chun spéiseanna agus smaointe a roinnt agus chun fadhbanna a réiteach</li> <li>■ Déanann leanaí naisc agus comhcheangail idir foghlaim nua agus a bhfuil foghlamtha acu cheana agus bíonn deiseanna acu chun an fhoghlaim seo a dhaingniú</li> <li>■ Léiríonn leanaí an cumas freagairt d'éagsúlacht ceisteanna 'N'fheadair cén fáth ...'</li> </ul>

## Réimse 4 – Cáilíocht na bainistíochta agus na ceannasaíochta don fhoghlaim

Toradh	Comharthaí don chleachtas: Féach conas mar atá maidir leo seo...
<p>17. Bíonn Síolta, an Creat Náisiúnta Ardchaighdeán don Oideachas Luath-Óige mar bhonn eolais don phleanáil, don athbhreithniú agus don mheastóireacht</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Déanann lucht bainistíochta agus baill foirne machnamh agus athbhreithniú go rialta ar a gcleachtas, ar a bpolasaithe agus ar a nósanna imeachta chun eispéiris foghlama agus torthaí a fheabhsú do leanaí</li> <li>■ Bíonn Síolta, an Creat Náisiúnta Ardchaighdeán don Fhoghlaim Luath-Óige mar bhonn eolais don phleanáil, don athbhreithniú agus do chleachtais feabhsaithe</li> <li>■ Baintear úsáid as cleachtais athmhachnaimh chun tacú leis an bhfoghlaim ghairmiúil sa suíomh agus mar bhonn eolais do chleachtais pleanála, athbhreithnithe agus feabhsaithe</li> <li>■ Baintear úsáid chórasach as Treoir Aistear/Síolta i gcomthéacs na féinmheastóireachta</li> <li>■ Is léir éiteas gairmiúil, obair bhuíne, comhoibriú agus comhpháirtíocht</li> <li>■ Lorgaítear tuairimí baill foirne, tuismitheoirí, bainisteoirí agus leanaí le linn an phróisis fhéin-athbhreithnithe agus baintear úsáid astu seo mar bhonn eolais do phleananna agus d'fheabhsú na cáilíochta</li> <li>■ Baineann cleachtóirí tairbhe as meantóireacht agus as tacaí comhairleacha seachtracha eile, nuair a bhíonn fáil orthu</li> <li>■ Is léir go bhfuil an fhoireann sa suíomh eolach ar thaighde ábhartha, ar fhorbairtí polasaí agus cleachtas a mbíonn tionchar acu ar cháilíocht a gcuid oibre le leanaí óga</li> <li>■ Déantar torthaí féin-athbhreithnithe a thaifead, roinntear iad agus gníomhaítear orthu chun eispéiris foghlama leanaí agus an méid a bhaineann siad amach a fheabhsú</li> </ul>
<p>18. Déanann bainistíocht an tsuímh eispéiris foghlama agus forbartha ar ardchaighdeán a sholáthar do leanaí</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Tá córais chuí i bhfeidhm chun eispéiris oideachasúla agus gníomhaíochtaí a eagrú go réidh</li> <li>■ Tá fealsúnacht agus fíis an tsuímh go feiceálach i gcleachtas na foirne uile</li> <li>■ Tá soiléireacht ann maidir le ról agus freagrachtaí na gcleachtóirí ó thaobh na ngníomhaíochtaí oideachasúla</li> <li>■ Baineann ceannaire/bainisteoir an tsuímh leas éifeachtach as na scileanna éagsúla atá ag an bhfoireann</li> <li>■ Léiríonn cleachtóirí cur chuige cásmhar agus machnamhach i ngach gné dá gcleachtas</li> </ul>

Outcome	Signposts for Practice: Consider the extent to which...
	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Bíonn na ceannairí mar rólchuspaí don fhoireann go léir, cuireann siad ardchaighdeán chun cinn agus bíonn fíis agus bealach chun cinn soiléir acu d’obair an tsuímh</li> <li>■ Soláthraítear deiseanna do thacaíocht agus d’fheitheoireacht gach ball foirne</li> <li>■ Tugtar deis do gach cleachtóir sa suíomh ról ceannaireachta a ghlacadh chun foghlaim ar ardchaighdeán a chur chun cinn</li> <li>■ Is léir go mbíonn teoiric fianaise-bhunaithe mar bhonn eolais don chleachtas agus go mbíonn an fhoireann eolasach faoi fhoghlaim agus faoi fhorbairt na leanaí</li> <li>■ Tá straitéisí éifeachtacha i bhfeidhm don mhachamh gairmiúil agus don mheantóireacht, don tacaíocht agus don fhorbairt ghairmiúil leanúnach do gach ball foirne sa suíomh</li> </ul>
<p>19. Cothaítear bealaí cumarsáide sa dá threo idir an suíomh luathbhlianta, tuismitheoirí, teaghlaigh agus leanaí</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Déantar cumarsáid go réamhghníomhach le tuismitheoirí agus teaghlaigh mar chéad oideachasóirí a linbh agus iad páirteach mar chomhpháirtithe i bhfoghlaim agus i bhforbairt a linbh</li> <li>■ Cuirtear tuismitheoirí agus teaghlaigh ar an eolas faoi na polasaithe, na nósanna imeachta agus an curaclam atá i bhfeidhm sa suíomh</li> <li>■ Roinneann an suíomh faisnéis ó bhéal agus i scríbhinn ar fhoghlaim ar ghnóthachtálacha na leanaí go hoscailte, go comh-mheasúil agus go trédhearcach le tuismitheoirí agus le teaghlaigh</li> <li>■ Bíonn deiseanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla chun eolas a mhalartú le tuismitheoirí agus teaghlaigh, agus le gairmeoirí eile, chun leas an linbh</li> <li>■ Léirítear meas ar ghuth an linbh agus cuirtear é san áireamh nuair a bhíonn próisis chinnteoireachta ar bun a bhaineann leis na leanaí</li> <li>■ Déantar iarracht cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí agus teaghlaigh nach Béarla ná Gaeilge atá mar chéad teanga acu</li> </ul>
<p>20. Déantar aistriú chuig an suíomh, ón suíomh, agus laistigh den suíomh a bhainistiú go héifeachtach chun tacú le foghlaim agus forbairt leanaí.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Bailítear eolas ó thuismitheoirí, ó theaghlaigh agus ó shuíomhanna eile ar réamheispéiris leanaí</li> <li>■ Úsáidtear an t-eolas seo chun leanúnachas eispéireas agus dul chun cinn foghlama a chinntiú do leanaí</li> <li>■ Roinntear faisnéis idir an suíomh luathbhlianta agus an bhunscoil chun leanúnachas eispéireas agus dul chun cinn i bhfoghlaim leanaí a chinntiú</li> <li>■ Tá polasaithe agus nósanna imeachta forbartha chun bainistiú íogair aistriú a chinntiú laistigh den suíomh agus idir suíomhanna</li> </ul>

## Aguisín 2: Samhail na Cigireachta Leantaí

### Réamhrá

Is í an aidhm atá le cigireacht leantach go measfaí an méid dul chun cinn atá déanta sa suíomh luathbhlianta i dtaobh chur i bhfeidhm na bpríomh-mholtaí ón gcigireacht roimhe nuair a foilsíodh tuairisc scríofa. Déantar é seo a éascú trí chruinniú comhairliúcháin, comhghairmiúil idir an cigire agus bainistíocht agus foireann an tsuímh ábhartha. Tugann cigirí comhairle don suíomh faoi straitéisí agus gníomhaíochtaí le dul i ngleic leis na moltaí go hiomlán. Má bhíonn tuairisc scríofa nó foilsithe ar sheirbhís luathbhlianta mar thoradh ar chigireacht ar bith, d'fhéadfadh cigireacht leantach tarlú ina dhiaidh sin.

Tugann cigireachtaí leantacha deis don suíomh luathbhlianta an dul chun cinn atá déanta i bhfeabhsúchán cleachtais i réimse ina ndearnadh *gníomhaíochtaí a mholtar* i dtuairiscí cigireachta roimhe sin a léiriú. Pléann cigirí na feabhsúcháin le cleachtóirí aonair, agus le daoine eile nuair is cú.

Ag deireadh cigireachta leantaí, pléann cigirí a dtorthaí ginearálta leis an mbainisteoir/bhfoireann, agus, nuair is iomchuí, le ball den bhord/choiste bainistíochta. Aithníonn siad an dul chun cinn atá déanta agus cuireann siad comhairle ar fáil ar ghníomhaíochtaí eile is gá chun cur i bhfeidhm iomlán gach gníomhaíocht a moladh a chinntiú. Cuireann torthaí ó chigireacht leantach le heolas féin an tsuímh luathbhlianta agus iad ag plé le féinmheastóireacht agus le tionscnaimh maidir le feabhsú na cáilíochta.

### Fócas na meastóireachta

Díríonn cigireachtaí leantacha ar an leibhéal dul chun cinn atá déanta ag an suíomh luathbhlianta maidir leis na sainghníomhaíochtaí atá molta i dtuairisc cigireachta roimhe sin a chur i bhfeidhm, seachas soláthar ginearálta an oideachais sa suíomh luathbhlianta. Léiríonn an contanam seo a leanas an teanga a bhíonn in úsáid nuair a bhítear ag tuairisciú ar an dul chun cinn atá déanta:

*Gan dul chun cinn ar bith*

*Dul chun cinn i bpáirt*

*Dul chun cinn maith*

*Dul chun cinn an-mhaith*

Má foilsíodh an COL bunaidh ar láithreán oideachais na Roinne Oideachais agus Scileanna, déantar an tuairisc dheiridh mar aon le freagairt an tsuímh luathbhlianta a fhoilsiú freisin ar láithreán gréasáin na Roinne ([www.education.ie](http://www.education.ie)). Má eisíodh an COL bunaidh chuig an suíomh ach nár foilsíodh í, eiseofar tuairisc na cigireachta leantaí chuig an suíomh ach ní fhoilseofar í.

### Ag gníomhú ar Thuairisc Cigireachta Leantaí

Chun COL nó Cigireacht Leantach (CL) a bhaineann le haon suíomh a rochtain, is cóir na céimeanna seo a leanas a leanúint:

- > Cuir [www.education.ie](http://www.education.ie) isteach i mbarra eolais an bhrábhsálaí gréasáin
- > Scrollaigh anuas chuig an bosca gorm éadrom ar thaobh na láimhe clé den leathanach gréasáin dar teideal 'Topaicí Coitianta'. Clliceáil ar an nasc do Tuairiscí Cigireachta Scoile
- > Faoi 'Cineálacha Cigireachta' clliceáil ar an nasc do Chigireacht Oideachas-dhírthe Luathbhlianta (COL) nó do Chigireacht Leantach (CL)
- > Cuir uimhir thagartha na RLGÓ isteach sa bhosca d'Uimhir Rolla na Scoile sa réimse cuardaigh nó cuir isteach ainm agus seoladh an tSuímh Luathbhlianta sna réimsí ábhartha agus clliceáil ar chuardach.

## Forléargas ar ghníomhaíochtaí na cigireachta: Cigireacht Leantach

Roimh an gcuairt chigireachta	Gníomhaíocht na cigireachta	Déanann an cigire teagmháil leis an bpríomhoide dhá lá roimh an gcigireacht Déantar socruithe do chruinniú ar bith a bheadh de dhíth agus do dhoiciméid ar bith a bheadh ag teastáil ón gcigire
	Gníomhaíocht an tsuímh luathbhlianta	Ullmhaíonn an bainisteoir doiciméid agus socraíonn cruinnithe a bhféadfadh gá a bheith leo
Le linn na cuairte cigireachta	Gníomhaíocht na cigireachta	Ar na gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith mar chuid den chigireacht leantach tá:
	Lá amháin de ghnáth	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Cruinniú le bainisteoir agus/nó le coiste bainistíochta</li> <li>■ Cruinniú le cleachtóirí/baill foirne ábhartha eile</li> <li>■ Breathnóireacht ar oideolaíocht agus ar fhoghlaim agus ar ghníomhaíochtaí ábhartha eile</li> <li>■ Caidreamh le leanaí</li> <li>■ Athbhreithniú ar dhoiciméid agus taifid scoile agus ar obair na leanaí</li> <li>■ Athbhreithniú ar acmhainní agus ar áiseanna</li> <li>■ Cruinniú iar-mheastóireachta leis an mbainisteoir</li> </ul>
I ndiaidh na cuairte cigireachta	Gníomhaíocht an tsuímh	Eisítear dréacht-tuairisc chuig an mbainisteoir/duine ainmnithe eile do dhearbhú fíricí (cúig lá oibre) agus d'fhreagairt an tsuímh (deich lá oibre)
	Gníomhaíocht na cigireachta	An tuairisc dheireanach a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na Roinne <sup>12</sup>

<sup>12</sup> An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2009) Aistear, Creatchuraclam na Luathóige. CNCM, Baile Átha Cliath.

### Aguisín 3: Treoir céim ar chéim don fhoilsiú ar thuairiscí cigireachta

#### **Céim 1 Ullmhú na tuairisce cigireachta**

Ullmhaítear tuairisc na cigireachta nuair a bhíonn an obair mheastóireachta sa suíomh luathbhlianta thart. De ghnáth, críochnaíonn an obair mheastóireachta le haischothú ó bhéal ar na cinntí agus na gníomhaíochtaí atá á moladh mar thoradh ar an gcigireacht. Is féidir an t-aischothú sin a sholáthar don fhoireann sa suíomh, agus/nó don bhainisteoir, agus/nó d'ionadaithe ón mbord/gcoiste bainistíochta.

Déanann an Chigireacht an dréacht-thuairisc chigireachta a chríochnú ansin. Déantar an dréacht-thuairisc a chur faoi bhráid ghnáth-mheicníochtaí na Cigireachta do dhearbú cáilíochta.

#### **Céim 2 Dréacht-thuairisc na cigireachta eisithe do dhearbú fíricí (DF)**

Cuireann Rúnaíocht na Cigireachta cóip den dréacht-thuairisc, mar aon leis an bhfoirm do dhearbú fírice (DF) (féach thíos) chuig an teagmhálaí ainmnithe mar a aontaíodh leis an suíomh luathbhlianta le linn na cigireachta.

Tugtar cuireadh don teagmhálaí/do na teagmhálaithe ainmnithe aird na Cigireachta a dhíriú ar aon earráidí fírice i dtuairisc na Cigireachta, ag baint úsáide as an bhfoirm do dhearbú fírice. Cuireann an teagmhálaí ainmnithe an fhoirm ar ais chuig Rúnaíocht na Cigireachta laistigh de chúig lá oibre ó dháta eisithe na tuairisce.

Cuirtear na fhoirm don dearbhú fírice, nuair a thagann sí ar ais ón teagmhálaí ainmnithe chuig Rúnaíocht na Cigireachta, ar aghaidh chuig an gcigire tuairiscithe agus chuig an bpríomhchigire cúnta cuí. Má bhíonn aon earráidí fírice curtha faoi bhráid na Cigireachta, is féidir an tuairisc a leasú, de réir mar is gá, laistigh de chúig lá oibre de ghnáth.

Muna bhfaightear aon fhreagra maidir le dearbhú fíricí laistigh de chúig lá oibre ó dháta eisithe na tuairisce, glactar leis go bhfuil an suíomh sásta go bhfuil an tuairisc cruinn. Déantar an tuairisc a ullmhú ansin le heisiúint chuig an suíomh do fhreagairt an tsuímh (FS).

#### **Céim 3 Eisítear an tuairisc chigireachta dheiridh chuig an suíomh luathbhlianta**

Cuireann Rúnaíocht na Cigireachta cóip den tuairisc chríochnaithe, ar ríomhphost, chuig na duine ainmnithe. Nuair a fhaightear an tuairisc chigireachta, moltar cóip den tuairisc a roinnt le foireann uile agus le bainistíocht an tsuímh luathbhlianta a bhí páirteach i/nó a bhí bainteach ar bhealach éigin leis an gcigireacht.

#### **Céim 4 Freagairt an tsuímh (FS)**

Is é an cuspóir a bhaineann le freagairt an tsuímh ná

- deis a thabhairt do bhainistíocht/d'fhoireann an tsuímh freagairt do, agus tuairimí a léiriú ar **ábhar** na tuairisce chigireachta
- deis a thabhairt do bhainistíocht/d'fhoireann an tsuímh cur síos a dhéanamh ar **na gníomhaíochtaí atá curtha i gcrích nó a bheidh á gcur i gcrích ag an suíomh luathbhlianta** chun dul i ngleic le gach ceann de na gníomhaíochtaí atá molta sa tuairisc i gcomhthéacs a bpleananna féinmheastóireachta, a bpleanáil, agus chun cáilíocht an tsoláthair agus an chleachtais acu a fheabhsú.

Má roghnaíonn suíomh luathbhlianta freagairt suímh a sholáthar don Chigireacht, déantar an fhreagairt a chomhlánú ag baint úsáide as an bhfoirm pro-forma don fhreagairt ar thuairisc chigireachta (féach thíos).

#### **Freagairt an tsuímh: Na roghanna atá ar fáil**

Is féidir gníomhú de réir aon cheann acu seo a leanas nuair a eisítear an tuairisc dheiridh chuig an teagmhálaí ainmnithe do fhreagairt an tsuímh:

**ROGHA A**

Is féidir leis an suíomh luathbhlianta glacadh leis an tuairisc gan tuairim a léiriú agus a leithéid a chur in iúl ar an bhfoirm pro-forma *do fhreagairt na cigireachta laistigh de dheich lá oibre* ó dháta eisithe na tuairisce cigireachta.

**ROGHA B**

Is féidir leis an suíomh luathbhlianta freagairt go foirmiúil do na cinntí agus na gníomhaíochtaí a mholtar sa tuairisc trí úsáid a bhaint as an bhfoirm pro-forma *foirm freagartha ar thuairisc chigireachta*. Caithfear a leithéid a dhéanamh **laistigh de dheich lá oibre** ó dháta eisithe na tuairisce cigireachta. De ghnáth, má ghlacann an bord leis an rogha seo, cuirtear freagairt na scoile mar aguisín leis an dtuairisc foilsithe.

**ROGHA C**

Is féidir leis an suíomh luathbhlianta athbhreithniú foirmiúil a éilimh ar an gcigireacht faoin *Nós Imeachta don Athbhreithniú ar Chigireachtaí ar Sheirbhísí Luathbhlianta agus ar Mhúinteoirí faoi Alt 13(9) den Acht Oideachais, 1998*.

Mar atá molta sa treoir, is é an fad iomlán do fhreagairt an tsuímh ná thart ar 500 focal. Bainfidh ceangailtí áirithe a rialaíonn ábhar na tuairisce cigireachta le freagairt na suíomhanna freisin. Mar shampla, ní féidir daoine aonair ar nós cleachtóirí, leanaí, baill den bhord bhainistíochta agus cigirí a ainmniú i bhfreagairt an tsuímh. Cruthaíonn freagairt an tsuímh deis don suíomh luathbhlianta tagairt d'**ábhar** na tuairisce agus díriú ar na **gníomhaíochtaí leantacha** atá beartaithe (nó atá tarlaithe cheana féin) i ndiaidh na cigireachta. Ní féidir tuairimí a léiriú faoi phróiseas na cigireachta i bhfreagairt an tsuímh. (Má tá ábhar imní ag an suíomh luathbhlianta faoin tslí ina ndearnadh an chigireacht, ba chóir úsáid a bhaint as an *Nós Imeachta don Athbhreithniú*, chun aird na Cigireachta a dhíriú ar an ábhar imní).

Lasmuigh de chúinsí eisceachtúla, déanfar freagairt iomlán an tsuímh a fhoilsiú, seachas síniú an úinéara/bhainisteora, ag an am céanna agus sa bhformáid chéanna le tuairisc na cigireachta. Má tharlaíonn, ar aon chúis eisceachtúil, go socraíonn an Roinn gan freagairt an tsuímh a fhoilsiú, cuirfidh an Chigireacht an cinneadh in iúl don suíomh luathbhlianta agus an chúis nó na cúiseanna a bhaineann leis sin.

**Céim 5 Foilsiú**

Má bhíonn an suíomh luathbhlianta tar éis rogha A nó rogha B mar atá thuas a ghlacadh, foilseoidh an Chigireacht an tuairisc chigireachta ach amháin má bhíonn leas bainte as rogha C. De ghnáth, tarlaíonn an foilsiú laistigh de dheich lá oibre ón uair a fhaightear an Fhoirm don Fhreagairt, comhlánaithe ag an suíomh.

Má bhíonn suíomh luathbhlianta tar éis athbhreithniú ar an gcigireacht nó ar an tuairisc chigireachta (nó an dá cheann) a éileamh, cloíann an Chigireacht leis an *Nós Imeachta don Athbhreithniú ar Chigireachtaí ar Scoileanna agus ar Mhúinteoirí faoi Alt 13 (9) den Acht Oideachais, 1998*. Ní fhoilseofar tuairisc na cigireachta go dtí go mbíonn deireadh leis an athbhreithniú agus, más cuí, go dtí go bpléitear le haon mholtaí a eascraíonn ón athbhreithniú. Nuair a bhíonn na próiseas seo críochnaithe leanfar le foilsiú na tuairisce deiridh de réir rogha A nó B thuas.

Foilsiú an Chigireacht an tuairisc chigireachta agus freagairt an tsuímh (más cuí) ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna ([www.education.ie](http://www.education.ie)). Muna raibh an chéad tuairisc chigireachta faoi réir foilseacháin, cuirtear an Tuairisc FT chuig an suíomh ach ní fhoilsítear í.

**Ní fhaightear freagairt**

Muna mbíonn freagairt faighte ón teagmhálaí/ó na teagmhálaithe ainmnithe don suíomh, agus muna mbíonn rogha C úsáidte laistigh den tréimhse ama atá ceadaithe (deich lá oibre ó dháta eisithe na tuairisce go dtí an suíomh), glactar leis nach ann do fhreagairt, agus déanfaidh an Chigireacht an tuairisc a fhoilsiú laistigh de chúig lá oibre eile.

## Foirm do Dhearbhú Fíricí ar Thuairisc Chigireachta (DF)

Ainm an tsuímh	
Seoladh an tsuímh	
Uimhir Aitheantais RLGÓ	
Seoladh ríomhphoist an tsuímh	
Cineál cigireachta	Cigireacht Oideachas Luathóige (COL) nó Cigireacht Leantach (CL)
Dáta éisiúna na tuairice	
Úsáid Oifige	

### Míchruinnis fhíorasacha sa tuairisc

Bain úsáid as an spás thíos le do thoil chun aird na Cigireachta a dhíriú ar aon mhíchruinneas fíorasach a chreideann tú atá sa dréacht-thuairisc cigireachta a eisíodh chuig d'ionad. Mar rogha eile, cuir na sonraí ar fáil ar an mbileog a ghabhann leis seo.

Leathanach	Míchruinnis

Caithfear an fhoirm seo a shíniú agus a chur ar ais chuig [eyereports@education.gov.ie](mailto:eyereports@education.gov.ie) a chur ar ais **laistigh de chúig lá oibre** de dháta eisiúna na dréacht-thuairisce chuig an suíomh luathbhlianta (**i.e. cuir an dáta isteach anseo**).

### Síniú

Ainm i gCinnlitreacha:
Síniú:
Ról sa Suíomh Luathbhlianta:
Dáta

Is féidir foirmeacha comhlánaithe a scanáil agus a chur chuig:

[eyereports@education.gov.ie](mailto:eyereports@education.gov.ie)

**nó** sa phost chuig:

Tuairiscí COL, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1 D01 RC96



## Foirm do Fhreagairt an tSuímh (SR) ar Thuairisc Chigireachta

Ainm an tsuímh	
Seoladh an tsuímh:	
Uimhir Aitheantais RLGÓ:	
Cineál cigireachta:	
Dáta eisithe na tuairisce do FS:	
Úsáid oifige amháin	

### Roghnaigh A, nó B, nó C

ROGHA A	Glacaim / glacaimid leis an tuairisc mar thuairisc dheiridh na cigireachta agus ní mian liom/linn freagairt go foirmiúil don tuairisc	
ROGHA B	Glacaim / glacaimid leis an tuairisc mar thuairisc dheiridh na cigireachta agus is mian liom/linn freagairt go foirmiúil don tuairisc. Aontaím /aontaímid go ndéanfar an fhreagairt a cheangal mar aguisín leis an tuairisc. Tá fáil thíos ar an bhfreagairt.	
ROGHA C	Ní ghlacaim / ghlacaimid leis an tuairisc mar thuairisc dheiridh na cigireachta agus is mian liom/linn iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú ar an gcigireacht de réir nósanna imeachta foilsithe na Roinne Oideachais agus Scileanna don athbhreithniú ar chigireachtaí. Beidh/Tá iarratas scríofa d'athbhreithniú curtha isteach chuig Oifig an Phríomhchigire.	

### Freagairt an tsuímh: Cuid A

Déan tagairt don **ábhar** sa tuairisc chigireachta (thart ar 100-150 focal) agus tabhair aird nach féidir tuairimí a léiriú i bhfreagairt an tsuímh faoi phróiseas na cigireachta – féach Céim 4, Aguisín 3..

[thart ar 100-150 focal]

### Foirm an tSuímh: Cuid B

Léirigh na **gníomhaíochtaí atá curtha i bhfeidhm, nó atá á gcur i bhfeidhm** ag an suíomh chun dul i ngleic le gach ceann de na gníomhaíochtaí atá molta sa tuairisc (thart ar 350 - 400 focal)

[thart ar 350-400 focal]

Caithfear an fhoirm seo a shíniú agus a chur ar ais chuig [eyereports@education.gov.ie](mailto:eyereports@education.gov.ie) **laistigh de dheich lá** ó dháta eisiúna na tuairisce deiridh chuig an suíomh luathbhlianta (**i.e. an dáta ánseo**). **Seoladh chun an fhoirm a chur ar ais:**

Ainm i gcinnlitreacha:

Síniú:

Ról sa Suíomh Luathbhlianta:

Dáta:

Is féidir foirmeacha comhlánaithe a scanáil agus a chur chuig:

[eyereports@education.gov.ie](mailto:eyereports@education.gov.ie)

**nó** sa phost chuig:

Tuairiscí COL, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1 D01 RC96



Foilsithe ag Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna, 2018



A N R O I N N | D E P A R T M E N T O F  
O I D E A C H A I S | E D U C A T I O N  
A G U S S C I L E A N N A | A N D S K I L L S

Foghlaim den Scoth do Chách